


CUISTLE

Eagrán 16

Feabhra 2000

£1.90




Sri Lanka

Cé hí Réalt 2000? Ollscoil na Gaeltachta

Solachadas • An RUC • An Bhéalarúis
Tadhg an Dá Thaobh • DY2K • Marmalite





muintearas

– AN TOGRA OIDEACHAIS GAELTACHTA –

ÓIGE

BUNSCOLAÍOCHT

LUATH-FHORBAIRT AN LINBH

SCÉIMEANNA POBAIL

CLÁRACHA DO MNÁ

NUA THEICNEOLAÍOCHTA CUMARSÁIDE

CÚRAM LEANAÍ

Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe

Guthán: 091-551145/551300

Facs: 091-551277/551323

Físchomhdháil/Videóconferencing: 091-519530/519531

Ríomhphost: muint.ias@tinet.ie

muintear@iol.ie


Leathanach baile: www.muintearas.com

Oifigí Réigiúnda:

Machaire an Chlochair (Dún na nGall)

Béal a' Mhuirthid (Maigheo)

An Daingean (Ciarraí)



CUISLE

An tEasát Tionsclaíochta,
Casla,
Co na Gaillimhe
Tel: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir:
Diarmuid Johnson


Riarthóir:
Veronica Ní Ghríofa

Dearadh:
Caomhán Ó Scolaí
091 572008

Clódóir:
Kilkenny People

Grianghraf clúdaigh:
Balar (buíochas le Gaelmedia)

Scríbhneoirí:
John Hughes, Feargal Mac
Amhlaoibh, Labhrás Hunt,
Uinsíonn Mac Dubhghaill,
Diarmuid Johnson, Breandán
Ó hEadhra, Pádraig Ó Flaithearta,
Colm de Bhaldraithe, Alexander
Nikalayev, Seán Ó Corbáin,
Seosamh Mac Muirí,
Antaine Ó Faracháin,
Trevor Ó Clochartaigh, Donncha
Ó hEallaithe, Seán Mag Uidhir,
Caitlín Uí Anluain.



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

FEABHRA 2000

San eagrán seo



AISLING PHEADAIR
An mbunófar ollscoil na
Gaeltachta go luath?
Chugainn an plean mór
á nochtadh ag **Peadar**
Mac an Iomaire 5 – 9



DEALBHA ADHMAID ÓN
MEÁNAOIS
D'aimsigh **John Hughes**
seoda adhmaadóireachta ón
meánaois i mBaile Loch
Riach: is mithid músaem
nua a bhunú lena
dtaispeáint dar leis 10



EADRAINN
Is í Clíodhna Ní
Mhurchadha 'réalt' 2000;
Marmelite agus Coimisiúnú
Dí; Ionad Siamsaíochta
na Ceathrún Ruaidh;
Tadhg an Dá Thaobh;
Beyond the Hall Door;
Coláiste Íosagáin; 'Plenty
Equipment But No Fish'
12 – 17



SRI LANKA
Chas **Colm de**
Bhaldraithe le fear
an tae i Sri Lanka,
agus chuaigh sé ar
aifreann *country*
and western 19 – 21



AN FHUINNEOG
Belorussian **Alexander**
Nikalayev tells of a
struggling Russian
satellite; Is Pluto a planet
or an asteroid? asks
Seán Ó Corbáin;
Heads roll, and
Seosamh Mac Muirí
has his in his hams 22 – 27



TEORA NÓ RÉIMSE?
Cén claí atá timpeall
ar an mbeithíoch
Gaeilgeora, agus cén
urlabhra is dual dó –
géimneach, gnúsacht
nó eile? Chuir
Diarmuid Johnson
cluais air féin 28



SOLACHADAS LE
SEACHRÁN SÍ
Chuaigh **Trevor Ó**
Clochartaigh ag
breathnú ar dhráma
nua le compántas nua
sa mílaois nua agus is
maith a thaitnigh leis 33



TG4
Geantraí, Gardaí agus
Manchán i Meiriceá
– idir mhagadh agus
dháiríre an mboiscín
mí Feabhra 30



SÚIL ADUAIDH
Tá díospóireacht fhada
romhainn faoin athru ar
an RUC, arsa
Seán Mag Uidhir 34



AN CHLÚID
Are primary teachers
reeling under the new
curriculum?
Tá Rua bocht leis féin
sa gClúid 37 – 39



AT SEA? Read our English summaries and sidebars wherever you find
this symbol

DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hiris seo deis freagartha a thabhairt do gach duine nó do gach eagraíocht a éilíonn sin, má tá siad míshásta faoin méid a scríobhadh fúthu i gCuisle. Téigh i dteagmháil leis an Eagarthóir, Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig cuisle@tinet.ie faoin scéal.

Ollscolaíocht Ghaeltachta

TÁ PLEAN ollscolaíochta ann don Ghaeltacht, fochampas á bheartú ar an gCeathrún Rua, Co na Gaillimhe (féach lch 5-9), a mhacasamhail á lua le Coláiste Íosagáin, Bhaile Bhuirne, Co Chorcaí (lch 14), aonad á phleanáil i nGaith Dobhair, agus trácht ar a leithéid i Rath Cairn faoi choimirce ollscoil Mhá Nuad.

Tionscnamh rímhór atá anseo a chuirfeadh claochló ar oideachas na Gaeltachta. Is fiontar é a chuirfeadh rotha na heacnamaíochta ag casadh go háitiúil. Ba chóir sin. Is fada an stát ag mealladh scoth na Gaeltachta ón bhfód dúchais. Á mealladh ar fud na tíre le teagasc sna scoileanna. Á mealladh go Baile Átha Cliath le hobair sa státchóras. Is gá iad a mhealladh ar ais.

Beifear in amhras faoi ghnéithe den togra ollscolaíochta seo. An bhfuil dóthain Gaeilgeoirí óga ann leis na haonaid ollscoile seo a líonadh? Tá: de réir an tsuirbhé a rinne *Cuisle* (Mí na Nollag), tá céad dalta Ardteiste i dTír Chonaill faoi láthair ar mhaith leo oideachas trí Ghaeilge ag an tríú leibhéal. De réir an tsuirbhé chéanna ba mhaith

le 63% de dhaltai Ardteiste Chonamara oideachas trí Ghaeilge tar éis na hArdteiste. Sin tús, agus ní lag an tús é.

Tá ceisteanna eile ann: an bhfuil dóthain teagascóirí ann le hoiliúint tríú leibhéal trí Ghaeilge a chur ar na daltaí? Caifear iad a lorg. Caifear iad a earcú. Tá Gaeilgeoirí ag obair thar lear agus postanna sinsearacha acu. Teastaíonn a gcuid taithí saoil agus a gcuid taithí gairme sa mbaile.

Teastaíonn infheistíocht mhór freisin le go bhfiorfaí an aisling seo. Teastaíonn infheistíocht chomhtháite ó ranna éagsúla stáit, ó Údarás na Gaeltachta, ó chiste réigiúnda na hEorpa, agus ó fhoinsí eile b'fhéidir. Ceadaíodh na páirtithe éagsúla an infheistíocht riachtanach. Cuiridís dlús léi. Triomóidh cistí na hEorpa orainn tar éis 2002. Tá práinn le gníomh.

Tá práinn le gníomh agus tá gá le machnamh. Le blianta beaga anuas tá borradh faoin oideachas tríú leibhéal. Is gnáthrud don oige leanacht dá gcuid oideachais tar éis na hArdteiste. Tá biseach ar thionscal an oideachais. Tá forbairt

air.

Ach ní hionann léann agus líon. Ba dhual don ollscoil gan ach feabhas a chothú. An mian feasta céimeanna a bhronnadh ar chách? An dtiocfadh sin salach ar an traidisiún as ar fuineadh an t-ardléann? An bhfuil an baol ann gur ceimeanna den dara scoth a bheas á mbronnadh i gcuid d'ollscoileanna na hÉireann amach anseo?

Umar mór smaointe atá i gceist le hollscoil áit ar féidir le duine a chuid fiosrachta a bháthadh, a thart a mhúchadh, agus aoibhneas a bhaint as an éagsúlacht. An mbeadh an éagsúlacht sin i bhfochampas dlárnaithe? An mbeadh spreagadh ann? Céard 's léann ann agus céard 's foghlaim scile ann?

Is gá na ceisteanna sin a chur. Agus is gá iad a fhreagairt. Ach níl freagra orthu mar cheisteanna ach sa tástáil bheo is gá a dhéanamh orthu. An plean seo ar pribhléid do *Chuisle* a chur i gcló, tá sé dána, dearfach, dúchasach. Tugaimís tacaíocht dó, agus nára fada go bhfioraítear an aisling.

THE UNIVERSITY DEVOLVES

 THIS MONTH *CUISLE* publishes plans to establish centres of university education in the Gaeltacht. The plan has been slowly evolving since the seventies and has been fed largely by the proximity of the National University of Ireland, Galway to the extensive and still vibrant Connemara Gaeltacht. Galway's university has a history of teaching through Irish which it is seeking to perpetuate and develop. The plans for decentralised Gaeltacht campuses coincide with trends in rural consolidation and the widening of the third level net which is being encouraged and funded at different levels. Apart from the logistics of the plan, questions regarding the Irish-

speaking student base and availability of suitably qualified staff are being addressed. Establishing decentralised university campuses is justified by cooperation with development agencies, and by partnerships which bridge the gap between the lecture-room and the work-place. Carraroe, Co Galway, home to Áras Uí Chadhain, a NUIG limb, has been earmarked for development. Parallel local plans (see pg 13) for a leisure centre to service social needs are on the drawing board. If the academic and community plans dovetail, and the right doors open at the right time, the result could be a socio-cultural revolution.





pictiúr: BALAR

Aisling Pheadair

Labhair Peadar Mac an Iomaire, Stiúrthóir na Gaeilge Labhartha in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le *Cuisle* faoi phlean an-mhór atá ag teacht in inmhe le hoideachas tríú leibhéal a lonnú sa nGaeltacht. Má cuirtear an plan i gcrích, cuirfidh sé athrú as cuimse ar shaol na Gaeltachta. Bheadh na céadta mac léinn ann naoi mí sa mbliain. B'fhiú £14 milliún an togra nuair a bheadh sé faoi lán tseoil. Bheadh daoine á n-oiliúint le teacht i gceannas ar an tionsclaíocht ina gceantar féin. D'fheicfeadh aos óg na háite gurb í an Ghaeilge teanga a leasa féin. An bhfíorófar an aisling? ➤

Cuise: Na pleananna atá agaibh le cúrsaí ollscoile a reachtáil ar champaís Gaeltachta, an dílárnú atá iontu, nó an ag cúlú ón bpríomhchampus a bheas an Ghaeilge má bhíonn na fo-champaís ann?

"D'fhás an tuiscint go bhfuil gá ag an ollscoil le haonaid oideachais agus oiliúna sa nGaeltacht le go spreagfar an institiúid le forás a dhéanamh ar theagasc trí Ghaeilge"

"In aois na teicneolaíochta, beidh muid in ann saineolas a fháil ó dhaolne a bhfuil Gaeilge acu ó institiúidí éagsúla agus gan orthu an institiúid a fhágáil"

Peadar: Nuair a tugadh cúram speisialta d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i 1929, cúram a dhéanamh de theagasc trí Ghaeilge, bhí an baol ann ag an am sin go ndúnfaí an ollscoil ar fad agus dá ndúnfaí b'iontach an buille a bheadh ansin do chathair na Gaillimhe, agus tháinig ardú 40% ag an am ar bhuiséad na hollscoile.

B'í an tuiscint a bhí ann ag an am sin, a thúisce 's a bhí léachtóirí ann a bhí in ann léachtaí a thabhairt trí Ghaeilge, agus a thúisce 's a bhí mic léinn ann a bhí in ann cúrsaí a leanacht trí Ghaeilge, bídis ag iarraidh é a dhéanamh nó ná bíodh, go raibh an teagasc trí Ghaeilge sábháilte.

Nuair a bunaíodh Oifig na Gaeilge Labhartha agus Bord na Gaeilge sna seachtóidí, thosaigh forbairt ar an tuiscint go raibh gá le sealbhú agus buanáú teanga a chur chun cinn ar campus ollscoile sula bhféadfá forás ceart a dhéanamh ar theagasc trí Ghaeilge. I bhfocla eile go gcaithfeá éileamh a chruthú ar chúrsaí trí Ghaeilge, in áit a bheith ag brú daoine le cúrsaí a dhéanamh trí Ghaeilge.

Is é an cás a bhfuil muid ann anois go bhfuil pobal na hollscoile idir fhoireann agus mhic léinn ag athrú a n-iompair teanga tar éis dóibh tréimhse a chaitheamh sa nGaeltacht. Is mar fhás air sin a tháinig ann d'Áras na Gaeilge ar an gcampus. Is mar fhás air sin a tháinig ann don pholasaí dhátheangach atá ag Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

Ach rud is fearr ná sin, d'fhás an tuiscint go bhfuil gá ag an ollscoil le haonaid oideachais agus oiliúna sa nGaeltacht le go spreagfar an institiúid le forás a dhéanamh ar theagasc trí Ghaeilge ar an gcampus agus gurb éard a bheas agat sa deireadh Aonad Forbartha an Teagaisc trí Ghaeilge ar an gcampus a bheas ag stiúru an teagaisc trí Ghaeilge in san institiúid féin, agus freisin a bheas ag neartú agus ag seirbhísiú an teagaisc trí Ghaeilge in sna hAonaid Gaeltachta, agus go mbeidh na hAonaid Gaeltachta ag beathú na hinstitiúide trína sampla in iompar agus i mbuanú Gaeilge, agus an institiúid ag beathú na n-aonad Gaeltachta trí a bheith ag soláthar saineolais trí Ghaeilge.

Cén chaoi a dtaitneodh sé le haos léinn a bheith ag teagasc ar an gCeathrún Rua? An mbeidh siad ag

iarraidh cónaí i nGaillimh?

Is sa nGaeltacht atá cuid de léachtóirí na hOllscoile ina gcónaí faoi láthair. Ceapaim go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeidh tréimhse éabhlóide ann. In sa tréimhse éabhlóide sin beidh saineolas teagaisc ar fáil ag na haonaid Gaeltachta ó institiúidí tríú leibhéal.

Anois in aois na teicneolaíochta, beidh muid in ann saineolas a fháil ó dhaoine a bhfuil Gaeilge acu ó institiúidí éagsúla agus gan orthu an institiúid a fhágáil. Is bunriachtanas riarthóir a bheith ceaptha i ngach Aonad in éineacht le foireann teagaisc a bheidh in ann an t-ábhar a láimhscáil agus tacaíocht freisin ó léachtóirí atá in institiúidí eile ar fud na tíre, nó b'fhéidir daoine a bhfuil saineolas acu ach atá ag obair in áiteacha eile taobh amuigh de na hinstitiúidí léinn.

Cé na hábhair a bheidh á múineadh sna hAonaid Gaeltachta?

Rogha ábhar. Tá muid ag caint ar ábhair a bheas feiliúnach don phobal. Agus ar an dara dul síos na hábhair sin a bhfuil teacht ar dhaoine lena múineadh trí Ghaeilge. Tá éileamh ar thaobh amháin agus tá soláthar ar an taobh eile.

I measc na gcúrsaí a bhfuil caint orthu faoi láthair tá cúrsaí céime i nDámh na nDán, cáilíochtaí i dteicneolaíocht na faisnéise agus sa chumarsáid. Tá cúrsaí luaite freisin ag baint le riarachán agus ríomhaireacht. Tá cáilíocht sa drámaíocht, san aistriúchán agus sa bhforbairt phobail liostáilte freisin. Tá sé deacair faoi láthair bainisteoirí a fháil do chomharchumainn, do na háisínteachtaí comhphobail a bunaítear, cuir i gcás, stiúrthóirí ar chláracha ADM, Integra, Now agus mar sin de.

Dá mbeadh céimeanna nó cáilíochtaí eile oideachais ann a chuirfeadh daoine ar fáil a bheadh réidh le seirbhís a chur ar fáil ina gcuid pobal féin amach anseo, ba chabhair a bheadh ansin. De bhrí gur eochair an t-oideachas d'iompar agus do bhuanú Gaeilge i measc aos léinn agus tuismitheoirí bheadh cúrsaí trí Ghaeilge sa réamh-scolaíocht san Oideachais Feabhais agus Gairmthreorach tábhachtach freisin. Ansin ar ndóigh tá raon leathan ábhar eile, agus de réir mar a thosós na cúrsaí seo

Ollscoil na hÉir
National University

feicfear bearnaí eile in sa gcóras.

Fiv le Fraincis nó le Gearmáinis, dhá mhórtéanga, ní áirím le Danmhairgis agus le hOllannais, cuir i gcás, mórtéangacha i dtíortha beaga, cuid mhaith den ábhar léinn a bhíonn á léamh ag na mic léinn sna tíortha sin, is i mBéarla a bhíonn sé. Tá forlámhas ag an mBéarla 'chuide áit: cé chomh praiticiúil 's atá sé sa deireadh thiar ag duine cáilíocht Ghaeilge a bheith aige má tá sé ag iarraidh jab a fháil taobh amuigh den Ghaeltacht?

Mura bhfuil oideachas trí Ghaeilge ar fáil ag an saoránach Éireannach i ngach réimse agus ag gach leibhéal den chóras oideachais tá éagóir á déanamh ar an saoránach arb í an Ghaeilge a mháthairtheanga nó a rogha teanga.

Níl aon aonad Gaeltachta ag dul ag cloí le heolas i nGaeilge amháin. Beidh téacsleabhra i mBéarla agus b'fhéidir i dteangacha eile má bhíonn úsáid na dteangacha sin ag na foghlaimeoirí. Ach an rud atá tábhachtach faoi mhúineadh na n-ábhar ag an tríú leibhéal go bhfuil sé riachtanach mar chuid d'fhorbairt na Gaeilge féin go mbeidh na hábhair seo á n-ionrámhaíl i nGaeilge mar theanga léinn. Má tá daoine ag dul ag déanamh a gcúrsaí léinn trí Ghaeilge ní shin le rá go mbeidh siad aineolach ar theangacha eile. Agus is cinnte go mbeidh foghlaim teangacha eile mar chuid den chlár léinn in sna hAonaid seo.

Ach ní haon ualach ar na daoine le Gaeilge dul amach chuig pobail taobh amuigh den Ghaeltacht mar beidh siad in ann dul amach agus a n-oidhreacht Ghaeilge agus Ghaeltachta a roinnt leis na pobail sin. Ach is tábhachtaí fós go mbeidh daoine mar sin in ann a gcuid léinn agus oidhreacht a roinnt ar a gcuid comhbhádóirí ins an nGaeltacht féin. Mar shampla, tá an-fhonn orainn a bheith ag éisteacht faoi láthair le scileanna bainistíochta a thagann chugainn ón iasacht agus is maith an rud é sin. Ach caithfidh muid cuimhneamh go raibh feidhm ag an mbéaloideas le scileanna a mhúineadh don phobal agus gur mór a d'fhoghlaim daoine cois teallaigh in ollscoil de chineál eile, agus nár chríochnaigh an fhoghlaim le fágáil na scoile. Feicimse go bhféadfadh aonaid léinn ollscoile an sean agus an nua a nascadh le chéile. Tógfaidh



"Má tá daoine ag dul ag déanamh a gcúrsaí léinn trí Ghaeilge ní shin le rá go mbeidh siad aineolach ar theangacha eile. Agus is cinnte go mbeidh foghlaim teangacha eile mar chuid den chlár léinn in sna hAonaid seo"

"Caithfidh muid cuimhneamh go raibh feidhm ag an mbéaloideas le scileanna a mhúineadh don phobal"

mé an tAonad atá ag an ollscoil i gCarna. Tá bailiúchán iontach béaloidis déanta ag Coimisiún Bhéaloideas Éireann, agus tá sé sin i mBaile Átha Cliath faoi láthair, agus tá mé cinnte go mbeadh bealach le comhoibriú a dhéanamh le cuid den bhailiúchán sin a fháil, lena úsáid ar bhealach a dhéanadh tairbhe don phobal ar bailíodh uathu é, a d'fhéadfadh fostaíocht a chur ar fáil ins an bpobal sin ag ullmhú dlúthdhioscaí a bheadh beo agus go bhféadfá an saibhreas béaloidis seo a thabhairt ar ais don phobal trí scór bliain tar éis a bhailithe. Seo ábhar a d'fhéadfá a chur i gcúrsaíocht arís, agus bheadh seo an-chosúil leis an rud a rinne an Craoibhín Aoibhinn le hamhráin grá chúige Chonnacht nuair a foilsíodh iad ag tús an chéid go ndeachaigh siad ar ais sa gcúrsaíocht arís.

Má éiríonn linne an infheistíocht chuí a fháil le hAonad láidir teagaisc trí Ghaeilge agus aonad láidir iompair agus buanaithe Gaeilge a bheith ar champus ollscoile, agus aonaid Ghaeltachta ag fáil seirbhíse ón aonad sin, agus comhoibriú idir sin agus daoine a bhfuil saineolas acu in institiúidí éagsúla, agus institiúidí eile freisin a bheith ag deileáil amhlaidh le Gaeltachtaí atá in aice leo féin, beifear in ann na céadta mac léinn a bheith in sna haonaid i rith naoi mí den bhliain. Beidh tionchar Gaeilge acu sin ar na mic léinn i ranganna Ardteiste i scoileanna dara leibhéal sa nGaeltacht agus ar dhéagóirí na Gaeltachta. Beidh tionchar acu siúd in am agus i dtráth ar dhaoine níos óige ná iad. Éireoidh leis an réabhlóid oiliúna, oideachais agus siamsaíochta a thiocfas dá bharr seo an-leas a dhéanamh. Féachfar ar an nGaeilge mar

reann, Gaillimh
of Ireland, Galway

"Beifear in ann na céadta mac léinn a bheith in sna haonaid i rith naoi mí den bhliain. Beidh tionchar Gaeilge acu sin ar na mic léinn i ranganna Ardteiste i scoileanna dara leibhéal sa nGaeltacht agus ar dhéagóirí na Gaeltachta. Beidh tionchar acu siúd in am agus i dtráth ar dhaoine níos óige ná lad"

"Ceapaim féin go gcaithfidh muid glacadh leis go bhfuil an teanga ag athrú. Ach is é an rud atá tábhachtach go gcaithfidh muid tógáil ar an mbunsraith atá againn"

theanga nua-aimseartha, teanga atá *cool*, agus beidh na mic léinn ó na hAonaid Ghaeltachta ina gceannródaithe san athrú in iompar teanga cainteoirí dúchais Gaeilge nach í an Ghaeilge a rogha teanga eatarthu féin faoi láthair.

D'éirigh linn go dtí seo cúrsaí agus scéimeanna a chur ar fáil in Áras Mháirtín Uí Chadhain a mheall isteach gnáthphobal na Gaeltachta, máithreacha óga go minic, agus gur éirigh leo scileanna a shealbhú, cúrsaí léinn a dhéanamh, cáilíochtaí a bhaint amach agus dá bharr sin nach é amháin go raibh siad féin ag fáil oideachais ach go raibh siad ag roinnt an



oideachais sin lena gclann agus béarlagar na n-ábhar léinn sin á n-úsáid acu ar a dteaghlach féin.

An bhfuil dóthain Gaeilgeoirí maithe i measc óige na Gaeltachta leis an gcampus nua seo a líonadh?

Ní ar Ghaeilgeoirí Gaeltachta amháin a bheas muid ag freastal. Tiocfaidh mic léinn ó phobail agus ó scoileanna Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, aosaigh agus Gaeilgeoirí ón iasacht chugainn. Ceapaim féin go gcaithfidh muid glacadh leis go bhfuil an teanga ag athrú. Ach is é an rud atá tábhachtach go gcaithfidh muid tógáil ar an mbunsraith atá againn. Tá áiteacha sa nGaeltacht a bhfuil togha na Gaeilge iontu ag an nglúin óg chomh maith le daoine atá níos sine.

Bíonn i bhfad níos mó fonn ar mhic léinn Gaeilge a labhairt nuair a aithníonn siad an timpeallacht fheiliúnach le sin a dhéanamh. Is é an rud atá tábhachtach dúinne anois gan cúiseanna a thabhairt do dhaoine cúl a thabhairt leis an teanga, ach atmaisféar a chruthú inar fiú agus inar féidir leanacht ar aghaidh ag úsáid na Gaeilge. Más féidir linne na hinstitiúidí a chur ar bun a chuideos leis seo

a neartú beidh an teanga ag an nglúin óg seo le tabhairt ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile. Sílim nach féidir linn a dhéanamh ach an Ghaeilge a scaoileadh ó ghlúin go glúin. Ní linne an Ghaeilge. Tá a húsáid againn an fhaid 's atá muid ann. Ceapaimse más féidir linn oideachas agus oiliúint a chur ar an gcéad ghlúin eile trí mheán na Gaeilge ina dtimpeallacht féin go bhfuil muid ag socrú bunsraith mhaith.

Tá fis anseo, a Pheadair, agus aiséil agat féin. Glacaimis leis go bhfuil na Gaeilgeoirí óga ann agus na teagascóirí: céard eile atá ag teastáil le go bhfiorófaí an aiséil?


Is é atá ag teastáil go gcuirfí na hacmhainní ar fáil go han-luath le gur féidir na foirgintí a thógáil, an fhoireann chuí a cheapadh agus cúrsaí léinn a airgeadú. Níor mhór go dtógfaí áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire in aice leis na hAonaid seo.

Seo áit a bhféadfadh comhoibriú a bheith idir grúpa institiúidí stáit. Táim cinnte go gcuirfeadh an tÚdarás um Ardoideachas tacaíocht ar fáil, go mbeadh tacaíocht chomh maith ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta, agus Oileán. Thiocfadh tacaíocht b'fhéidir ón Roinn Spóirt don ionad siamsaíochta. Ansin tá aitheantas sprioc a haon ag na ceantair a bhfuil muid ag caint orthu. Agus ba chóir go mbeadh tacaíocht láidir airgid ar fáil ón gcomhphobal le cuidiú linn. Ach ina dhiaidh sin go mbeidh urraíocht ag na daoine a thiocfas le freastal ar na cúrsaí. Tá ualach breise á thógáil ag mic léinn orthu féin le cúrsaí mar seo a dhéanamh. Beidh go leor costais breise ann de bharr an teagasc a bheith á dhéanamh i mionteanga, an Ghaeilge sa gcás seo.

Bheadh muid ag súil gur i réimse na hurraíochta ar chúrsaí sa riarachán, sa ngnó, sa mbainistíocht agus i dteicneolaíocht na faisnéise, mar shampla, a bheadh Údarás na Gaeltachta in ann cuidiú.

Tá caint faoi láthair ar an nganntanas oibrithe atá sa nGaeltacht agus tá daoine ag rá nach bhfuil imirce throm ón nGaeltacht. Is é fírinne an scéil go bhfuil imirce an-trom ón nGaeltacht agus go bhfuil sí níos measa sa mbliain 2000 ná mar a bhí sí i 1969 nuair a bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta le hobair a éileamh do dhaoine sa mbaile.

Na daoine atá ag dul ar imirce anois, is daoine iad a bhfuil infheistíocht an-mhór déanta iontu, a bhfuil cúrsaí tríú leibhéal bainte amach acu ach gan fostaíocht ar fáil dóibh ina n-áit féin. Is é an rud atá tarlaithe



gur beag nach ionann anois pointí arda san Ardteist agus visa le dul amach as an nGaeltacht agus gan deis faoi láthair a theacht ar ais.

Bheadh muide mar ollscoil trí bhunú na nAonad Gaeltachta ag réiteach an bhealaigh d'Údarás na Gaeltachta le cur le hoiliúint phobal na Gaeltachta, rud a thabharfaidh deis don Údarás tionsclaíocht ar chaighdeán i bhfad níos airde a mhealladh go dtí an taobh seo tíre. Muna ndéanfar é sin, beidh an cineál monarchan atá ann faoi láthair le n-imeacht ar aon nós agus le dul go háiteachaí a bhfuil daoine le fáil ar pháigh níos saoire, in oirthear na hEorpa mar shampla.

Samhlaigh go mbeadh cúrsaí againn i dteicneolaíocht na faisnéise, go mbeadh mic léinn ag freastal ar na cúrsaí seo agus tacaíocht acu ó Údarás na Gaeltachta le go ngabhfadís chuig comhlachtaí móra ríomhaireachta thar lear le linn tréimhsí saoire, agus go bhféadfaidís freisin fostaíocht a fháil sna comhlachtaí céanna sin ar feadh roinnt blianta tar éis dóibh a gcuid cáilíochtaí tríú leibhéal a bhaint amach. Ansin nuair a bheadh eolas acu ar leagan amach agus gnaithe an chomhlachta go bhféadfaidís teacht go dtí an Ghaeltacht agus aonaid de chuid an chomhlachta sin a bhunú sa nGaeltacht faoi bhainistíocht Ghaeltachta: is lú an truailliú teanga a bheadh ag dul leis an gcineál sin forbartha ná mar atá ann faoi láthair. Ina theannta sin d'fhéadfadh an comhlacht agus an tAonad Gaeltachta taobh leis comhoibriú i gcaoi go mbeadh an

clár léinn agus riachtanais na gcomhlachtaí ag teacht le chéile.

Cén chaoi a bhfuil an comhoibriú idir Ollscoil na hÉireann agus Údarás na Gaeltachta faoi láthair? An ag brú ar an doicheall atá sibh nó an bhfuil fáilte isteach?

Tá sé soiléir nach bhfuil feidhmeanna an dá institiúid ach ag comhlánú a chéile trí chaidreamh agus comhoibriú an-láidir a bheith eatarthu.

Má tá caidreamh le bheith ann idir an Ollscoil agus an tÚdarás teastaíonn struchtúr: an bhfuil an struchtúr sin ann faoi láthair?

Rinneadh iarracht cúpla uair struchtúr a chur ar fáil ach ní raibh toradh leanúnach ar na hiarrachtaí sin.

An bhfuil seans anois agus struchtúr nua ar an Údarás féin go mbeidh sé níos éasca struchtúr nua eile a thabhairt isteach?

Is é an cineál cainte atá agamsa san agallamh seo a bhí i bhfeachtas thoghchán an Údaráis. Feicim nach bhfuil ann ach ceist ama go dtiocfaidh na smaointe atá ag snámh in intinn an phobail i bhfeidhm ar an Údarás agus ar an Ollscoil, agus tá mé cinnte go mbeidh an-toradh ar an éabhlú seo ar fad. Tá sé riachtanach go dtuigfí go bhfuil fostaíocht agus teacht isteach don phobal sa nGaeilge agus sna haonaid Oideachais. Cuireann Áras Mháirtín Uí Chadhain agus Áras Charna fostaíocht lánaimsire ar fáil do scór agus fostaíocht pháirtama do dhá scór eile.

Cuir i gcás go mbeidh an toradh sin ann: cén fhostaíocht a chuirfeas na haonaid ollscolaíochta ar fáil sa nGaeltacht?

Is tionscadal é seo a chuirfeas fostaíocht an-luachmhar ar fáil. Beidh na postanna a bhunófar anseo ar chomhthuarastal lena gcomhphoist in institiúidí léinn ar fud na tíre. Ach chomh maith leis na postanna acadúla, riaracháin agus teicniúla, beidh tithe lóistín agus tithe ar cíos ar feadh na bliana. Chomh maith leis sin beidh bialanna, óstáin agus siopaí ag gnóhachtáil as.

Is é bun agus barr an scéil go mbeifear ag súil go n-éireoidh le haonaid Oideachais faoin tuath mic léinn a oiliúint trí Ghaeilge a bheidh oilte le beocht agus forás a chur i bpobail Ghaeltachta agus Ghaeilge in Éirinn agus i measc comhluadar le Gaeilge ar fud na cruinne.

Gufonn *Cuisle* rath ar an bhfiontar.


"Táim cinnte go gcuirfeadh an tÚdarás um Ardoideachas tacaíocht ar fáil, go mbeadh tacaíocht chomh maith ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta, agus Oileán. Thiocfadh tacaíocht b'fhéidir ón Roinn Spóirt don ionad siamsaíochta"

"Is é an rud atá tarlaíthe gur beag nach ionann anois pointí arda san Ardteist agus visa le dul amach as an nGaeltacht agus gan deis faoi láthair a theacht ar ais"

Dealbha Adh



Artist John Hughes visited St Brendan's Cathedral in the diocese of Clonfert in Loughrea Co Galway. The stained glass windows of Evie Hone and Michael Healy are wonders of church art, but more lies in the little-visited museum behind the presbytery: rare wooden icons from the 12th and 15th centuries. Is it time for a good county museum to make these and similar treasures accessible to all?



(Ar chlé:) Naomh Bríd; fuinneog dhaithe le Evie Hone.
(Thuas:) Críost Céasta; dealbh adhmaid ón 15ú aois, Tíne, Co. na Gaillimhe

ORA PRO EO
QUI DONO DEDIT

maid ón Meánaois

Má THARLAINN i mBaile Locha Riach thú, is fiú go mór cuairt a thabhairt ar ardeaglais Chaitliceach dheoise Chluain Fearta. Tá cáil i bhfad is i gcéin ar na fuinneoga gloine daite ann. Foirgneamh Nua-Ghotach atá in ardeaglais Bhaile Locha Riach a tógadh i 1902 in onóir do Naomh Breandán, pátrún an deoise.

Is é Edward Martyn, náisiúnaí saibhir as Ard Raithín ba chúis leis na fuinneoga áine. Theastaigh ó Martyn gur fuinneoga gloine daite Éireannacha a bhead san ardeaglais. D'éirigh leis cur ina lú ar na húdaráis sa Municipal School of Art i mBaile Átha Cliath an múinteoir gloineadóireachta A. E. Child a fhostú. Ghríosaiigh sé an t-ealaíontóir Sarah Purser chun stiúideo gloine daite a oscailt san ardchathair. 'An Túr Gloine' a glaoth ar an stiúideo agus fuair go leor ealaíontóirí traenáil ann.

D'foc Edward Martyn agus muintir Smyth, daoine gaoil leis, as go leor de na fuinneoga spreagula seo.

Cé nach bhfuil fuinneog le Harry Clarke i mBaile Locha Riach tá tionchar Clarke le sonrú sna fuinneoga gléineacha le Michael Healy. Is iad 'Naomh Breandán' le Sarah Purser agus 'Naomh Bríd' le Evie Hone an dá fhuinneog is fearr liom féin. Ethel Rhind a rinne Turas na Croise. Bhain sí úsáid fíor-éifeachtach as *mosaïque* i ddaite anseo. Is í a rinne Turas na Croise i Séipéal Éanna sa Spidéal chomh maith.

Is fiú go mór cuairt a thabhairt ar Mhúsaem na h-Ardeaglaise. Is í an dealbh adhmaid romanesque 'Muiré agus an Leabhbh Íosa' ó Chill Chorbáin in aice le Port Omna seoid ealaíne an mhúsaem seo. Rinneadh an dealbh as píosa darach timpeall 1150 AD. Tá mionghaire aibhinn ar Mhuiré, rud neamhchoitianta san ealaín romanesque. Mcastar gur ealaíontóir áitiúil a rinne í. Cuireadh míorúiltí i leith na deilbhe seo ar feadh na gcéadta bliain. Thóg na Doimnic-

eánaigh séipéal deabhóideach i gCill Chorbáin i 1445 in onóir don dealbh.

De réir Chaitríona Mac Leod san Ard-Mhúsaem, is beag de dhealbhoireacht adhmaid na meánaoise a tháinig slán ón Reifirméisean in Éirinn: "The iconoclasm of the Reformers and wholesale ruin of parish churches and monasteries destroyed the remainder which must have been vast in quantity". Ar chúis eicint tháinig cuid mhaith dealbhóireachta adhmaid slán in oirthear na Gaillimhe.

Tá dealbh darach Chaitríona Naofa as Tíne sa mhúsaem freisin. Ón 15ú aois an dealbh sin. Tá brat Éireannach ar Chaitríona agus claíomh ina lámh. Sa tsean-Phríoireacht Agaistíneach i gCluain Tuaiscirt in aice le Cluain Fearta tá dealbh

cloiche de Chaitríona ann agus í an-cosúil leis an dealbh adh-maid seo. Tá casal álainn – *chastelle* – éide aifrinne a deineadh i Sasana san 15ú haois déag ar taispeáint sa mhúsaem agus cumraíocht mhath fós air. Baineadh feidhm as veilvit corra-dhearg, síoda daite, agus bróidnéireacht aifrid chun é a mhaisiú.

Thángthas ar an gcasal seo i scioból i mBaile na Cille.

Ceaptar gur ó 'bhosca aifrinne' é. Toisc go léir an t-aifreann sna títhe bhíodh boscaí aifrinne ag Caitlicigh deisúla aimsir na bPéindlíthe, Iarlaí Chlainne Riocaird, mar shampla.



(Thuas agus thíos:) Muiré agus an Leabhbh Íosa, dealbh adhmaid ón 12ú aois as Cill Chorbáin na Gaillimhe.

Tá éide aifrinne eile ann a bhronn Napoleon III na Fraince ar shagart paróiste na hEachroime i 1858. D'iarr an t-impire go léirí aifreann *requiem* ar son St. Ruth agus na saighdiúirí Francacha a d'éag ar pháirt an air i gCath Eachroime i 1691.

Ní mór an bailiúchán breá cailte a lua. Tá ainm easpag Chluain Fearta sa mbláin 1462, 'Matheus Mac Craith', breactha ar cheann acu.

Is trua nach bhfuil na hiarmaí luachmhara seo curtha i láthair ar bhealach níos profaisiúnta. Teastaim Músaem Gontae ar ardchaighdeán i gContait na Gaillimhe agus d'fheadfaid an bailiúchán seo baintiúil fíor-tach a bheith faoi leith.




An dTuigean Taidhgín Seáinín?

AG PREASOCÁID faoi obair Údarás na Gaeltachta i rith 1999, b'é an líon daoine atá fostaithe an tslat a bhí ag Rúán Ó Bric, Príomh-Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, le hobair na bliana a thomhais. "Tá thart ar 28% de líon saothair na Gaeltachta fostaithe sna tionscail déantúsaíochta. Is éacht mór do cheantar tuaithe agus for-imeallach é sin" a dúirt sé.

Ach b'fhéidir nach fada eile a bheidh an tÚdarás ag plé le "ceantar tuaithe", má éiríonn le Seán Ó Neachtain dul i bhfeidhm ar an seachtar eile de na Fianna ar Bhord an Údaráis. Ag labhairt dó ar Adhmhaidin (RnaG) dúirt Seáinín gur ceart don Údarás freastal "ar an nGaeltacht go hiomlán". Creideann fear an Spidéil go bhfuil "tograí ardteicneolaíochta" a d'fhéadfadh an tÚdarás a mhealladh isteach sna eastáit tionsclaíochta, atá taobh istigh de theorainn na Gaeltachta i gCathair na Gaillimhe. Go dtí seo d'fhág an tÚdarás "Gaeltacht Chathair na Gaillimhe" faoin IDA. Is í argóint Sheáinín nach mbeidh an tÚdarás in ann an buiséad £30 milliún sa mbliain ón Rialtas a chaitheamh sa cheantar feidhmiúil a bhí faoina chúram le 20 bliain anuas! Drochsheans go mbeidh fear na nOileán, Paddy Beatty, ná bean na Ceathrún Rua, Connie Ní Fhátharta róthógtha le moladh Sheáinín.

Is cinnte nach mbeidh Taidhgín Ó

Seachain an Oíche ach ná seachain na Réalta



Is í Clíodhna Ní Mhurchadha as Conamara 'réalt' 2000. Fógraíodh í ina bunaitheoir ar chomórtas amhrán Réalta 2000 Raidió na Gaeltachta le deireanas.

'Seachain an Oíche' an t-amhrán a chas Clíodhna agus is í a scríobh an t-amhrán chomh maith.

Fágann an da bhua sin duais £3000 aici. Cuirfidh an t-airgead bonn fuithi i gCorcaigh áit a bhfuil sí ina reachtaire ar an gCumann Dramaíochta agus i ag freastal ar chúrsa leinn i nDámh na nDán.

Tá dúil ag Clíodhna sna blues, agus i gceol Ella Fitzgerald – tá a rian sin ar 'Seachain an Oíche'.

Pé rud a sheachnós sí feasta, ní móide gurb é an ceol é.

Comhghairdeachas léi.

hÉalaithe, Cathaoirleach nua an Údaráis, ag tacú le moladh Uí Neachtain. Dúirt sé go neamhbhalbh ag an bpreasócaid chéanna go bhfuil ceantracha sa Ghaeltacht nár chóir a bheith inti. Dúirt sé gurb é *raison d'être* an Údaráis "go mairfidh an Ghaeltacht mar phobal labhartha Gaeilge". Níor deineadh aon tagairt do na figiúirí labhartha Gaeilge ón Daonáireamh '96 (*féach lch 18*), figiúirí a léiríonn nach bhfuil ach


thart ar an gceathrú cuid de dhaonra na Gaeltachta ina gcónaí i gceantracha arb í an Ghaeilge teanga an phobail. Dúirt sé go mba mhaith leis ag na ócáidí foilsithe tuarascála amach anseo go mbeadh béim ar nithe eile seachas fostaíocht. "Tá bealaí eile le hobair an Údaráis a mheas seachas rátaí cruthaithe fostaíochta" a dúirt sé. An dtabharfar aird air nó an leanfar ag cur i gcéill gur mini-IDA Gaeltachta atá san Údarás?



Ollscoil Bonn

Fear a' gabháil go Bonn

Tá Feargal Ó Béara (ar dheis) ceaptha ina léachtóir le Gaeilge in ollscoil Bhonn na Gearmáine. As an Spidéal d'Fheargal agus is fada i mbun léinn i nGaillimh é. Thug sé seal sa nGearmáin cheana agus ní bheidh clóic ar a theanga cois Rhein. Nára fada go dtaga sé abhaile arís faoi ghradam.



an ionaid ó thaobh cultúir de. Ní hé todhchaí an cheantair amháin atá i gceist ach todhchaí na Gaeilge agus todhchaí na Gaeltachta. Ionas go mairfidh ceantar Gaeltachta sa chéad nua seo caithfear baile lárnach a bheith ann ina mbeidh áiseanna do dhaoine óga, do lánúnacha óga agus do chlanna na háite. Le fada tá caint ar amharclann do Chonamara, seo seans chun amharclann den scoth a thógáil. Tá áras gleacaíochta amháin i nGaillimh ina dtagann beagnach leath na mball ó cheantar Chonamara: chuirfeadh an t-ionad seo an áis áirithe seo ar fáil.

Tá measúnóir ag obair ar staidéar féidireachta chun fiúntas an ionaid a thomhais. Tá an-chuid oibre déanta ag an gcoiste ar a shon, agus má éiríonn leis an bplean cuirfear go mór le creatlach sóisialta na Gaeltachta. In aois an ríomhphoist tá cathair Ghaelach ag teastáil: níl san ionad siamsaíochta ach céim amháin chun tosaigh.



Shoa

MÁIRE MHAC AN tSAOI

cuirfear BOTHÁNTAÍOCHT i measc a cairde féin nach maireann atá sa díolaim seo le Máire Mhac an tSaoi agus i measc maithe na litríochta i ngar agus i gcéin: Virgil, Homer, Biatrais, Dante, Garcia Lorca, W. B. Yeats, an Cadhnach, Máirtín Ó Direáin . . . Tá Agamemnon, Tutankhamun, Cú Chulainn agus Finn Mac Cumhaill ag guairdeall ann, agus siomblachas na Críostaíochta tríd síos. Nuair nach ag freastal ar altóir na filíochta atá

Coláiste Íosagáin – Tús Oll

Feargal Mac Amhlaoibh

CUIREADH Coláiste Íosagáin, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí ar an margadh trí bliana ó shin. Bheartaigh Mícheál Ó Scanláin, ball tofa Údarás na Gaeltachta, agus muintir na háite rud éigin fiúntach a dhéanamh leis an áit. Chuadar i mbun cainteanna le Coláiste na hOllscoile Corcaigh maidir leis an áit a fhorbairt mar chuid den Ollscoil agus le Cumann Lúthchleas Gael. Ar deireadh, ar threoir Aire Stáit na Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, cheannaigh Údarás na Gaeltachta é ar £500,000.

Thug an tÚdarás agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ansan faoi phlean forbartha a ullmhú. Ceapadh an comhlucht Deloitte & Touche chun na féidearthachtaí a mheas agus rinneadar san sraith moltaí i Mí na Samhna 1998. Tá na moltaí seo á meas agus £.5m ceadaithe ag an Údarás chun an coláiste a athchóiriú. Tosnóidh an tathchóiriú i gceann dhá mhí.

I measc na moltaí eile tá bunú gearrceimh de chuid Iontaobhas an Rialaigh agus Conall Ó Gráda ceapaithe ina bhun. Beifear ag stiúil go mbunófaí ionad cultúrtha agus cartlann sa choláiste le béim ar cheol agus amhránaíocht.

Ag éirí as moladh Deloitte & Touche thug an tÚdarás láthair don Roinn Oideachais ag deireadh '99 chun Ionad Oideachais lán-Ghaelach do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile ar aon dul le 30 ionad dá leithéid ar fud na tíre. Foirgneamh nua glan a bheidh anseo agus tosnóidh an obair tógála i mBealtaine nó i Meitheamh na bliana seo.

Ar an gceann is suimiúla de na moltaí sa tuarascáil tá an dlúthbhaint

sí, is i dtreo na bantrachta is mó atá a hintinn claonta. Is anseo atá na shoa-da beaga luachmhara, véarsa do Bríde Ní Chíobháin, nach maireann,



is féidir a bheith ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh leis an áit. D'iarr an tÚdarás ar an gColáiste i Mí Lúnasa 1997 togra a chur le chéile. Tá an tÚdarás ag fanacht le toradh ar an iarratas seo ó shin, a deir urlabhraí an Údaráis, ach níl aon deabhadh rómhór ar an tÚdarás féin brú ar aghaidh mar tá an iomarca ceachtanna foghlamtha acu cheana féin. "Beidh an t-adhmaid á thomhais againn go rímhinic sara gearraimíd é," ar siad.

Ach nuair a chuaigh *Cuisle* i mbun fhiosrú na ceiste le Pól Ruiséal, Stiúrthóir na Gaeilge Labhartha,

cuir i gcás:

*Fada do dhuanaireacht 'na tost,
Aidhe mo léir!*

An spadhar 'na shuan, is do cholann

scolaíochta sa nGaeltacht?



Pól Ruiséal

Coláiste na hOllscoile Corraigh, mhaigh sé go raibh cruinnití ag Bord Gaeilge an Choláiste le h-údarás Choláiste na hOllscoile Dé Luain, 25ú Eanáir, inar beartaíodh go

mbeifi páirteach i bhforbairt oideachasúil Choláiste Íosagáin agus páirteach i gCoiste Náisiúnta atá le bunú go luath.

Faoim gCoiste Náisiúnta seo beidh na Coláistí Ollscoile Má Nuad, Gaillimh agus Corraigh, agus Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste bainteach le 'coláistí seachtaracha' a bhunú sna Gaeltachtaí is cóngraí dóibh – Rath Cairn i gcás Mhá Nuad, Conamara i gcás na Gaillimhe, Tír Chonaill i gcás Choláiste na Banríona agus Coláiste Íosagáin i gcás Chorcaí. Tús ollscolaíochta sa nGaeltacht?

*bhocht
Ag tabhairt an fhéir;
Ach déanfar cleachta dhomsa anocht
Is le fad mo ré;*

*Beirt bhaineannach go fileata
Ag dul 'on chré,
A n-allagar gan ainbhíos,
Is gan uamhan roimh chlér –*

Dar mo leabhar breac!

Deir Máire i véarsa amháin do Mháirtín Ó Direáin:

Muna mbeadh gur chailleas an cheird

Bheadh bean do chaointe ann

N'fheadar an í an fhilíocht nó an chaointeoireacht an cheird atá i gceist, ach is críochnúil an ceardaí í:

Aithne an duine aonair

Air féin, ní fireann ná baineann;

ní hathair é ná máthair clainne,

Ní ceile, ní cumhal ná buime.

Ní léir dom aon mhórtéama i Shoa agus dánta eile. Ar bhealach is leabhar príobháideach é, dialann, leabhar urnaí. Ó tharla é foilsithe tá cuireadh isteach don léitheoir. Ach cén pháirt atá ceaptha di ná dó. Ós ag comóradh is ag moladh na marbh atá Máire sna dánta seo don chuid is mó, ní theastaíonn ón léitheoir ach a bheith tostach, ómósach. Tá Máire dírithe ar a comhlúadar féin agus ar an am atá caite. Fanann an cheist leat: Cén gnó atá agam anseo?

Is í an Chríostaíocht taca an fhile. Neamh atá i ndán di tar éis na tiarála. Ag guí Dé a théann sí in am an ghátair. Ní baileach gur urnaí an véarsa seo leanas as 'Apotheosis', ach scéal gearr fileata faoi bhean a thit i gcóma lá Nollag agus an dinnéar réitithe aici.

Im' leabharsa

Chuaigh sí díreach ar neamh;

Chuir na haingil dinnéar gan dua

Ar clár chuichi;

Shuigh sí ar dheasláimh an

tSláinitheora–

Bhí sé chomh lách léi!

Bhí an Mhaighdean Mhuire 'na

cúram;

'Ná bíodh lá buartha ort', ar sise,

'Tá Martha i bhfeighil na cistineach

Agus coinneoidh Mary

Comhrá le t'fhear céile–

Sea, Mary

Ar ndó níl aon am sa tsíoraíocht,

Agus beidh do clann shaolta

Aníos chughat láithreach'

Mar sin do bhí

Agus dúradar,

'That was smashing, Mum'

Labhrás Hunt



'Plenty equipment but no fish'

Easpa Cinnireachta i gCorca Dhuibhne

REACHTÁLADH seimineár in Ionad an Bhlascaoid Mhóir, Dún Chaoin, ar 3ú Meitheamh 1999 "chun gníomh a bhaint amach ar son na Gaeilge sa Ghaeltacht roimh thúis na Mílaoise". Bhí 30 duine i láthair ó eagraisí difriúla móide coiste comhairleach ar a bhfuil John Kennedy (Seirbhís Oideachais Chiarraí), Máire Uí Shíthigh (Oidhreacht Chorca Dhuibhne), Séamus Mac Gearailt (Roinn na Gaeltachta), Rachel Ní Riada (Údarás na Gaeltachta), an

múinteoir Clíodhna Ní Fhurloinge, Mícheál Ó hEanaí (MFG), Liam P. Ó Murchú (Coláiste an hOllscoile Corcaigh), Roibeard Ó Cathasaigh (Coláiste Muire gan Smál, Luimneach), Muiris Ó Laoire (Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí), Tomás Ó Céilleachair (Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta), Diarmuid Ó Donnchú (Feileastram Teoranta), agus Gearóid Ó Brosnacháin (Bainisteoir Ginearálta Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne). Beart-

aíodh ag an seimineár "próiseas úr reabhlóideach" a chur ar bun i measc an phobail ag brath ar "acmhainní pobail agus pearsanta" chun úsáid na Gaeilge a spreagadh "i measc na n-óg, lasitigh d'eagraisí agus gnóthaí, agus dianfhéachaint a dhéanamh ar an tslí a fhreastlaíonn na heagraisí stáit ar an gceantar as Gaeilge".

Tuigtear do *Chuisle* go raibh cruinniú amháin ag an gCoiste Láir ó shin inar pléadh moltaí a tháinig chucu ó choistí pobail áirithe, ach cuireadh an cruinniú ar atráth *sine die* gan aon shocrú faoi athchruinniú.

Ag labhairt do *Chuisle* le Máire Uí Shíthigh, ba léir nach mó ná sásta a bhí sí faoin easpa dhul chun cinn agus gur náireach an scéal é nach bhfuil aon ní dearfach déanta ná bainte amach ó shin. Is léir ó bhallraíocht an choiste thuasluaite nach bhfuil aon easpa chomhairle i gceist anseo. I ndáiríre, seans go bhfuil an iomarca saineolaithe ann. Mar a dúirt an tseanbhean ar Cé na Gaillimhe agus í ag féachaint ar thráiléar nua go raibh gach trealamh nua-aimseartha inti: "Plenty equipment," a dúirt sí, "but no fish!"


Ceapann Máire Uí Shíthigh go bhfuil gearghá go dtiocfadh gluaiseacht ar son na teangan ón bpobal féin. Tá go leor coistí pobail ann agus iad gníomhach ina gceantair féin dá dtiocfadh na coistí seo le chéile. An ceist rópholaitiúil atá ansin?

Marmalite agus Coimisiúnú Dí

MEASC MARMALADE AGUS MARMITE le chéile agus sin agat *marmalite*, anlann bricfeasta agus smailcbhia atá á dhéanamh ag cuid d'iarchimí an tuaiscirt.

"Tar éis dúinn teacht amach ó charcair i measc ár gcomhphobail féin," arsa duine faoi rún le *Cuisle*, "thuig muid gurb í an táirgíocht agus an tsláinte toidhcháí na tíre seo. Shocraigh muid monarcha smailcbhia a bhunú agus *marmalite* an t-ainm atá ar an gcéad rud a bhfuil *patent* againn air. Cineál *sweet and sour* do na feoilseantóirí atá ann. Tig leat é a chur ar do chuid aráin féin, nó ar arán na gcomharsan, ar ndóigh dhe."

Tuigtear do *Chuisle* go bhfuil i gceist sú *marmalite* a chur ar an margadh freisin, 'súmolite' - deoch a mbeadh tóir uirthi sa tSeapáin - agus muna n-éiríonn leis an díchoimisiúnú arm gur coimisiúnú dí a bheas ina áit. Ní raibh an Ginearál de Chastelain ar fáil leis an ráfla seo a bhréagnú.



'... and at a working breakfast of the executive 'not an ounce' was Reg Empey's reply when asked whether he'd share the marmalite ...'

Máire Moriarty

'DY2K goes 'Beyond the Hall Door'

John Hughes

IS Í AN tsimplíocht bunús na dearthóireachta, ach ní hí is cás le lucht léirithe 'Beyond the Hall Door' (RTÉ). Bíonn siad ag iarraidh an iomarca a chur in iúl in imeacht leathuair. Cuairt róghearr a thugann siad ar theach a bhfuil an-éagsúlacht ann. Ní thugtar seans do mhuintir an tí a mhíniú dúinn cén fáth mar shampla a roghnaigh siad an cairpéad *sisal* nó an dath *terra cotta* ar na ballaí. Is tithe daoine saibhre a bhíonn faoi chaibidil acu.

Sa *studio challenge* tugtar téama do ceathrar dearthóirí agus iarrtar orthu seomra dá stíl féin a réiteach don chlár. Bíonn an buiséad ró-ard ar fad. Ní hionann troscán 's giuirléidí daora agus dearadh inmheánach éifeachtach. Ní thugtar a dhóthain ama don dearthóir a chuid smaointe a mhíniú dúinn.

Déantar seomra a athmhaisiú freisin. Ní caitear ach leathshúil ar an obair athchóirithe. Cuireann *Beyond*

the Hall Door mustar agus gliogar na dtíogairíní Ceilteacha i gcuimhne dom. Bíonn deabhadh i gcónaí ar na láithreoirí. Is beag nach mbeadh giorrú anála ort agus tú ag éisteacht


leo!

Clár réchúiseach, simplí agus éifeachtach is ea DY2K (TG4) atá roinnte ina dhá cuid. Sa chéad chuid cuirtear dearadh nua ar sheomra. Buiséad £500 a chuirtear ar fáil. Le cabhair ó bheirt fhear ceirde déantar an seomra a athmhaisiú go hiomlán in aon lá amháin.

Sa dara cuid den chlár téann an láithreoir Máire Moriarty ar cuairt chuig teach le blaiseadh den stíl agus den atmaisféar. Tigh Jim Barret, ailtire Bhaile Átha Cliath, a bhíodar cúpla seachtain ó shin. Ba dheas mar a mhínigh Jim Barrett an fáth gur phéinteáil sé dath dorchá ar bhalla amháin. Deineadh amhlaidh ionas go mbeadh fráma timpeall ar an fhuinneog. Bhí go leor píosaí ealaíne nua-aimseartha le feiceáil ar na ballaí agus solas an lae go mór i gceist sa teach.

Iarradh ar an dearthóir puipéad Caitlín Ní Chualáin seomra suite muintir Mhic Aoidh i nGaillimh a athmhaisiú. Thug sí leide an-mhaith don lucht féachana nuair a dúirt sí gurbh iad 'dathanna an fhómhair' a bhí mar bhunús lena rogha dathanna. Buí, ómra, rua, agus donndearg a d'úsáid sí; meascán a réitigh thar cionn lena chéile.

Is comhluadar maith í an láithreoir Máire Moriarty agus cuireann sí daoine ar a suaimhneas, rud atá an tábhachtach i gclár mar seo. Ba léir go raibh ríméad ar muintir Mhic Aoidh an chéad uair a chonaic siad a seomra suite nuamhaisithe.



Ag bronnadh ISO 9000 ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, bhí An Taoiseach Bertie Ahern, T.D.; Shane Diffily, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus Fionnuala Ní Mhuiri, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge



MUINTEARAS Teicneolaíocht ag Taisteal

Is fada Muintearas na nOileán – Muintearas mar a tugtar anois air – i mbun scéimeanna fiontracha oideachais sa nGaeltacht. Scéim nua dá chuid is ea Teicneolaíocht ag Taisteal, ceangal ríomhaireachta idir deich mbunscoil ar fud na tíre, a bhformhór sa nGaeltacht, beagán i gceantair eile, Co Lú mar shampla, agus Tuaisceart Éireann, gach seans, áit a mbeidh láimh ag Muintearas san athmhuintearas.

“NÍL NA PACÁISTÍ bogearraí a chuir an Roinn Oideachais ar fáil mar chuid de IT 2000 feiliúnach do chultúr na tíre seo ní áirím don Ghaeltacht,” arsa Seán Ó Coisdealbha, príomhfheidhmeannach Mhuintearais. Cuireann Muintearas beart le briathar: “Is féidir leis na gasúir bunscoile a gcuid pacáistibogearraí féin a chruthú mar chuid de thogra Mhuintearais,” arsa Andreas Vogel, comhordnóir.

Chuipe sin beidh an lárionad ríomhaireachta siúlach atá ag Muintearas ag taisteal na tíre go gairid le hoiliúint sa scríbhneoireacht ilmheáin a chur ar na páistí sna scoileanna atá páirteach sa togra. Beidh a togra féin ag gach scoil, é



muintearas

bunaithe ar ghné d'oidhreacht na háite. I gCo Lú, cuirfidh na páistí eolas faoin rúraíocht, faoi Fheardia agus Chú Chulainn i dtoll a chéile. Díreoidh siad ar na logainmneacha agus ar an tíreolas, cuir i gcás, agus rianfaidh siad turas Mheidhbhe agus a harm siar go Connacht. Ar an gcuma sin nascfar an nuatheicneolaíocht le dhá ghné de shaol na nGael a bhí fite fuaite ina chéile – stair agus tíreolas.

In Inis Oírr tá togra idir lámha ag na páistí a bhaineann le cultúr na móna. “Bhí ceangal an-láidir ag deisceart Chonamara le hÁrainn agus na hoileáin,” arsa Seán Ó Coisdealbha. Mhínigh sé do *Chuisle* faoin lucht móna a thug ceann de na seanbháid go

hInis Oírr faoi Nollaig. “Is iad na páistí iad féin agus na múinteoirí a chuir an mhóin amach as an mbád. Thug sé do chuid do na seandaoine ar an oileán í, agus d'inis na seandaoine scéalta dóibh faoi shaol na móna fadó.” Cuirfidh na páistí na scéalta seo ar an ngréasán ríomhaireachta.

Youthstart

IS Í AN ROINN FIONTAIR Tráchtála agus Fostaíochta atá ag maoiniú Teicneolaíocht. Ó chiste Eorpach a thagann an t-airgead. Ó cheann de na cistí sin a tháinig airgead Youthstart, scéim a reachtáil Muintearas ó 1998 go 1999. D'fhoghlaim dhá dhuine dhéag d'óige na Gaeltachta, idir Mhuimhnigh, Chonnachtaigh agus Chonallaigh faoin scríbhneoireacht ilmheáin agus an nuatheicneolaíocht. Thug ollscoil Luimní aitheantas do thogra Youthstart agus bronnadh teastaisí orthu siúd a bhí páirteach.

Cuid de pholasaí ginearálta atá ag Muintearas a bhí i dtogra sin Youthstart. Tá Muintearas ag forbairt agus ag soláthar tionscnamh ar mhaithe le cothromaíocht deiseanna a thabhairt do cheantair Ghaeltachta sa réimse nuatheicneolaíochta cumarsáide. Áirítear orthu seo:

- Soláthar cláracha foghlama tríú-leibhéal sa réimse ilmheáin
- Soláthar deiseanna oiliúna/foghlama do mhúinteoirí sa réimse nuatheicneolaíochta le béim ar úsáid an idirlín, teilechumarsáid agus cúrsaí ilmheáin sa phróiseas oideachais;
- Forbairt scileanna i dtaca le forbairt bhogearraí i nGaeilge;
- Soláthar seirbhíse oiliúna sa réimse ríomhaireachta do phobail Ghaeltachta trí aonad/trealamh soghluaiste dea-chóirithe a chur ar fáil.

Tá tábhacht na nuatheicneolaíochta ag fás i mbeagnach gach gné den saol. Ní haon eisceacht é an seomra ranga. Sa lá atá inniu ann téann na páistí bunscoile i dtaithí ar an ríomhaire, uirlis foghlama agus oibre a bheas ríthábhachtach dóibh. Caifear na ríomhairí a chur i bhfeiliúint do chultúr an pháiste. Sin cuid den dúshlán atá Muintearas a chur orthu féin.

TAR ÉIS DOM a bheith san Ind, tháinig mé chomh fada le Sri Lanka. Tá Sri Lanka níos glaine agus níos eagraithe ná an Ind. Tá tionchar na hEorpa i bhfad níos láidre anseo. Bíonn daoine gléasta ar an nós Eorpach, mná agus bliús agus sciorta orthu, fir agus bríste agus léine orthu. Dathanna láibe agus luaidhe, dathanna dorchá tar éis éadach geal, lonrach na hInde. Tá rian chultúr Shasana ar an tír agus éadach dara láimh ó na caogaidí le feiceáil. Ach is léir ó shiúl agus iompar na mban nach bhfuil an inscne-dheighilt ná leatrom na bhfear chomh géar orthu is atá san Ind. Feictear buachaillí agus cailíní ag spraoi agus ag gáire agus ag siúl amach le chéile . . .

SRI LANKA

Pictiúirí: Mike Weerakoon

COLM DE BHALDRAITHE VISITED *CUISLE* AFTER HIS RETURN, UNSCATHED, FROM INDIA AND A BRIEF TOUR OF SRI LANKA. JOIN COLM ON HIS TRAVELS AGAIN THROUGH A LAND OF TEA, SHROUDED MOUNTAINS, RELIGION AND SQUAWKING TOUCANS.





Oráistí na háite

BAILE KHANDY

Tá *gin and tonic* agam i mo láimh agus mé i mo shuí ar *veranda* óstán an Olde Empire. Suíochán luachra fúm agus seilf bheag ann don ghloine. Tá cnoic Kandy thart orm, iad clúdaithe le crainnte agus le duilliúr. Drochlá *monsoon* atá ann, an bháisteach ag stealladh anuas gan sos agus na scamail ag sileadh anuas o na cnoic. Os mo chomhair tá loch Kandy agus teampaill an fhiacail naofa. Tá sé chomh dorchá, gruama go bhfuil cuma luaithe ar an díon brea órga atá ar an teampaill.

Is cathair an-ait í Kandy, í glan, néata le hais na hÍnde, siopaí tae agus cacáí milse, boscaí gutháin dearga agus

boscaí litreach dearga, *doubledeckers*, geallghlacadóirí agus bróicéirí sean-earraí. Tá *bungalows* ar an ard agus séipéal mór Protastúnach i lár na cathrach. Tá Kandy cosúil le Brighton ar strae i dtír throipiceach.

Chuaigh mé ar Aifreann amuigh faoin aer lá. Bhí slua mór dathúil ina suí ar an talamh, brat urláir galánta ag cuid acu, páipéar nó *plastic* ag cuid eile. Thosnaigh an t-aifreann. Bhí ceol ó phianó leictreach agus drumáí bréaga agus an rud ar fad cosúil le *droch-chountry and western*. Bhí an sagart óg gléasta i mbliús dearg agus sciorta bán agus bhí sé ag luascadh leis an gceol, an slua ag canadh in éineacht leis agus a gcuid lámha ardaithe san aer. Shíl mé gur ag coirm cheoil le Daniel O'Donnell a bhí mé.

Tháinig mé ar ais go dtí m'óstán ach bhí gleo spleodrach ag teacht as bialann béal dorais. Chuaigh mé isteach ann agus bhí scata lads ann. *Party* lá breithe a bhí ann. Dúirt duine acu liom gur Tamils iad agus bhain mé triail as mo chúpla focal Malayalam. Chuir sé iontas ar an mbeirt againn mar bhí muid in ann a chéile a thuiscint.

TURAS SNA SLÉIBHTE

Tá mé ar mo bhealach go Hatuple, baile beag 5000 troigh os cionn na farraige. Tá seanbhóthar iarainn le dul ann, turas ochtó míle. Seacht n-uaire an chloig ag dreapadóireacht gan sos, inneall ag tarraingt na traenach, agus inneall eile dá brú. Turas trí ghleannta glasa lán le rís agus bananái, an traein ag lubarnaíl trí choillte fiáine, ag dul isteach i bpolláin agus amach arís sna scamail, í ag bordáil ar bhruach aille, nó ag gluaiseacht trí dhúiche an tae atá chomh néata, bearrtha le páirc gailf. Ar 'chuile thaobh tá easanna uisce ag doirteadh anuas ó na beanna.




Nóibhisigh Bhúddacha

Faoi dheireadh shroich muid Hatuple sna scamail. Bhí an áit fuar, fliuch, raitheach, deora Dé, *monbretia* agus nóiníní ag fás thart timpeall. Bhí báisteach geallta ar feadh seachtaine agus choinnigh mé orm síos go dtí an cósta thoir. Bíonn dhá *monsoon* acu, ceann amháin san earrach ar an gcósta thiar, ceann eile sa bhfómhar ar an gcósta thoir agus Kandy bocht sna sléibhte bíonn báisteach ann ar feadh na bliana.

AN CÓSTA THOIR

Is ceantar Tamil atá ar an gcósta thoir agus thóg sé ceithre huairé an chloig an tríocha míle deireanach a thaisteal. Tá dún beag tógtha ag an arm ar 'chuile chrosbhóthar, agus droichead roimh gach baile. Scaití seasann an bus



20 - LUISIE

Mná an Tae: féach an ceannbheart atá orthu



ar feadh leathuaire fad 's a bhíonn na saighdiúirí ag scrúdú na ndaoine. Leathuair i dteas 35 céim, sáinnithe le naocha duine i mbosca miotail. Faoi dheireadh shroich mé ceann scríbe, Pottuvil, baile beag iascairí agus tránna breátha ar 'chaon taobh de. D'aimsigh mé loistin le Ram. Fear an-spéisiúil é Ram a chaith cúpla blian ar deoraíocht sa nGearmáin. Bhí Béarla agus Gearmáinis líofa aige. Bhí a ghairdín lán le hainimhithe; an langour, sin moncaí a bhfuil éadan dubh air, é ag léim ó chrann go crann, ioraithe rua ag troid agus ag béicil ar a chéile, torc ag tochairt san oíche agus cór na bhfroganna ag canadh.

Amuigh ar an mbóthar lá bhí earc dhá throigh ar fhaid - *monitor lizard* - agus é ag troid le gadhar.

D'inis Ram a scéal féin dom. Ba as Jaffna i dtuaisceart na tíre é agus theith sé le linn an na sléachta móire sna hochtóidí nuair a maraíodh 90,000 daoine. Tá infon leis sa Rúis, deartháir agus mac leis sa nGearmáin, deartháir eile sa tSualainn, deartháir eile fós in éineacht lena mháthair sna Stáit Aontaithe.

Téim ag snámh gach maidin agus nuair a imíonn an teas mór tráthnóna téim ag siúl faoin tír. Níl cúthaileacht ar bith ar na Tamils agus bíonn na feirmeoirí ag fógart orm: 'Cé thú féin? Cá bhfuil tú ag dul?' Ligimse béic agus deirim leo i dteanga na háite gur mise Mustapha agus go bhfuil mé ar mo bhealach go dtí an mosque.

Éanlaith ildaite atá san áit seo. An chrudóg, an fiolar éisc, an *ibis*, an chorr. Bhí mé ag ligean mo scíthe lá agus mé ag éisteacht le *toucan*, scréach aige cosúil le casacht duine a chaith dhá scór 'Major' gach lá dá shaol. Bhí torann ar nós leorai ag cúlú siar ag éan eile: 'biip biip biip biip'. Chomh maith leis an éanlaith, tá an choill mhór lán le beithí. Go tobann tháinig damh uisce as sceach cóngarach dom. Beithíoch mór, trom, dubh, é an-mhall agus dhá adharc air cosúil le claíomh mór leathan. Bhreathnaigh sé orm go amhrasach agus choinnigh sé air.

Bhí cara leis, cairde go leor. Lean ceann a chéile ar feadh deich noiméad, bhreathnaigh ormsa go hamhrasach, agus ar aghaidh leo. Anois tá a fhios agam cén bunús atá leis an bhfocal 'bóthar'. Bhí an ghrian ag dul faoi agus thosnaigh mé ar mo bhealach abhaile. Chas mé ar cilifint bhradach ag déanamh a bhealaigh go dtí garraí feirmeora lena chuid barr a sciobadh.


'Uncles' and Nephews' Party'

Nuair a bhain Sri Lanka neamhspleáchas amach, riona an chéad Phríomh-Aire iarracht tír dhátheangach, hifreidmheach a bhunú. Maraíodh é agus cuireadh polasaí 'Singhala amháin' i bhfeidhm agus an Búdhdachas ina chreideamh oifigiúil.

Tá mionlaigh móra Críostai, Muslamach agus Hindú sa tír agus tugann na Críostaithe omós dá gcuid naomh ar an gcaoi chéanna agus a thugann na Hindús dá gcuid déithe féin. Ar thaobh an bhóthair bíonn na naomh i gcásanna gloine, tad maisithe le hór agus le seoda agus feiceáil orthu ar feadh na hoíche de bharr solas na geoinnle bréaga. Naomh Pól ar a chapall, Ganesh lena shron eilifinte, Sebastian agus a chelainn lán le saighdeanna, Shiva ag snámh ar dhuilleog lotus, Naomh Proinsias i messe na n-ainmhithe.

Is beag difrí idir na páirtithe polaitiúla sa tír seo. Ceann acu, an UNP, glaoitear an 'Uncles' and Nephews' Party' air. Ó thaobh na bpáirtithe rialtais de, níl ann ach ceist cé acu a mblenn an brabach acu nuair a díoltar na hacmhainní dúchais leis an IMF. Bíonn raic agus réabadh ann aimsir na díoghrán agus buíonta ag siúl na sreide ag lorg seilúchais. Suas le dhá scór a maraítear le linn foghrán. San oíche ní bhíonn cead amach ar an tsráid agus cost ar cheannacht dí.





An Bhéalarúis - Spl

An Fhuinneog,
a monthly window
of opportunity for
the learner, the
improver and the
native speaker
who would like to
read more in Irish,
offers glossaries
in English,
excerpts from the
best of Irish
books, helpful tips
and more.

**Oscail An
Fhuinneog agus
féach isteach.**

1 NÍ SHAMHLAÍTEAR an Bhéalarúis agus an Rúis le chéile ach ón mbliain 1795 nuair a roinn an Rúis agus an Ghearmáin - nó an Phrúis mar a bhí ag an am - ríocht na Polainne eatarthu. Ba chuid de ríocht na Polainne an Bhéalarúis ag an am.

Sa mheánaois bhí Prionsacht Mhór na Liotúaine, na Rúise agus Samagitia ann. San am sin, ba í an Liotúain an chuid ba mhó de ríocht na Polainne - is é sin le rá, bhí Liotúain na meánaoise san áit a bhfuil an Bhéalarúis faoi láthair. Ba í an Úcráin an 'Rúis' sa mheánaois. Agus ba í Samagitia an Liotúain faoi mar atá anois ann - cuid bheag den Phrionsacht Mhór.

2 Bhí an Phrionsacht Mhór ar an tír ba mhó agus ba láidre ag


an am. Ba í an Bhéalarúis teanga na cúirte, agus scríobhtaí na cáipéisí oifigiúla go léir as Béalarúis le linn ré órga na Prionsachta Móire ón 13ú aois go dtí an 16ú aois.

Ní thugtar Béalarúisigh orainn ach ó dheireadh na haoise seo caite nuair a rug sinsir na Liotúaine greim ar an seanainm. Bhíodh ceangal maith ag sinsir na mBéalarúiseach le haicmí áirithe Gearmáineacha. Sin an fáth go bhfuil mórán focla Gearmáinise sa teanga Bhéalarúiseach. Ach ní bhíodh dea-chaideamh againn leis na Liotúainigh agus na Gearmáinigh i gcónaí, ar ndóigh.

3 Sa mbliain 1410 bhuaigh reisimintí Béalarúiseacha, Polainneacha, Úcráineacha agus Liotúaineacha ar shlua mór Gearmáineach.

Tharla an cath in aice le Grunwald i nDuibrouna láimh le teorainn na Polainne, na Liotúaine agus le teorainn mo thíre-se. Ina dhiaidh sin níor éirigh le saighdiúirí na Gearmáine dul chomh fada leis an mBéalarúis go dtí 1918! I rith an 500 bliain sin ní leomhaidís ionradh a dhéanamh ar an tír seo.


Níl sa Bhéalarúis inniu ach tír an-bhocht le tionscail láidre. Tá sí i bpoll ag Lukashenka, uachtarán nach bhfuil ann ach *populist*. Deireann sé na rudaí ba mhaith leis an bpobal a chloisteáil. Ní féidir a bheith ag súil leis gurb é an t-uachtarán seo a chuirfeas rath ar an mBéalarúis. Níl sin indéanta dó. Dá mbeadh uachtarán eile ann, d'fhorbródh mo thíre féin ar bhealaí eile.



TWO CENTURIES AGO, Russians burnt Moscow rather than see Napoleon occupy it and subjugate their nation. And since Napoleon's army perished on the homeward march to France, Russia has loomed unconquered on Europe's eastern fringe.

Russia resisted the Third Reich and disputed world dominance with the United States for decades. We know of its literature, of its composers, of its chess players. But despite its tradition of unity and survival and its abundant genius, Russia today is wading

eách nó Neamhspleách?



1 ní shamhlaítear le (samhlú)
– to equate, associate with;
ríocht – kingdom; an
mheánaois – the middle ages.

2 cáipéisí oifigiúla – official
documents; ré órga – golden
age; sinsir – forefathers; dea-
chaidreamh – good relations

3 reisimintí – regiments;
lámh le – near to; ní
leomhaidís – they didn't
dare; tionscail – industries;
rath – good fortune, success;
indéanta – possible;
d'fhorbródh (forbairt) –
would develop.

4 infheistiú – invest;
sodhéanta – easy;
neamhdhleathach –
illegitimate; aontas – union;
milleadh – was ruined; i réim
– prevalent; suntasach –
noteworthy; innealtóir-tógálaí
– a builder-engineer;
áifeiseach – ridiculous,
absurd.

4 Tá na Gearmáinigh agus na
hOstairigh réidh lena gcuid airgid a
infheistiú linn. Is mór an trua nach
bhfuil sin sodhéanta faoi láthair. Tá
eagla ar lucht infheistithe nach
bhfaighfidh siad a gcuid airgid ar

ais ó tharla uachtarán
neamhdhleathach againn ón 20ú
Iúil 1999 i leith.

Ar an 8ú Nollaig 1999 bhunaigh
uachtarán na Béalarúise agus
uachtarán na Rúise aontas nua. Ní
bheidh aon ní ag athrú: tá an
Bhéalarúis ag rith ar ais go dtí an
tAontas Sóivéideach, áit ar milleadh
í an chéad lá.

Is tír eile í an Rúis, áit a bhfuil
dlíthe polaitiúla agus eacnamúla eile
i réim. Is dóigh liom gur suntasach

an rud gur innealtóir-tógálaí atá ag
stiúradh an Bhainc Náisiúnta! An
bhfuil a fhios agat aon tír eile inar
féidir leat rud áifeiseach mar seo a
fheiceáil? Níl éinne a thógfaidh an
Bhéalarúis nua ach na Béalarúisigh
iad féin. Ach tá siadsan ina
gcdladh inniu. D'fhéadfaimís éirí
níos láidre agus níos saibhre dá
mbeadh ár gceannaire níos saoire
agus muna mbreathnódh sé i dtreo
na Rúise i gcónaí.


through a quagmire of decay. Will Russia
ever become a stable first world region? Or
are its people strangled by a fatalism which
took root during long centuries under the
Tsars?

Russia is surrounded by satellites which
are striving for stability since the break up of
the soviet block. *Cuisle* invited Alexander
Nikalayev, who knows more Irish than our
Taoiseach or Minister for the Gaeltacht, to
tell us a little about his own Belorussia, its
history and its present difficulties.

Más mian leat tuilleadh aithne a chur ar Alexander Nikalayev, scríobh
chuige:

Maladzlozhny m-n. d. 86 kv 9 (a/s 9)
24 7400 Svetlahorsk
Belarus
(fón: 375 2342 43743)

RÉALTA NA CRUINNE



PLÚTÓ

–Plainéad nó Réaltóg?

Seán Ó Corbáin takes a look at the stars and planets, and reports this month on the astrological debate as to whether Pluto fits the definition of a planet.

IS DÓIGH LE DAOINE i saol na heolaíochta sa lá atá inniu ann nach plainéad é Plútó in aon chor ach réaltóg. Tá reifreann ar bun ag an gCumann Réalteolaíochta Idirnáisiúnta le tuairim a chuid ball a chlos. Is iomaí cúis machnaimh ann dóibh. Tá Plútó an-bheag, agus ní dhéanann sé cuairt chomh rialta leis na plainéid eile. Tá uilleann 17% idir é féin agus an ghrian, agus is cosúla le hubh an cruth atá air ná an cruth atá air na plainéid eile. Charon is ainm do ghealach Phlútó. Tá sise leath chomh mór le Plútó féin agus téann an dís timpeall ar an meachanlár céanna. Sé lá agus naoi n-uaire a' chloig a thógann sé ar Charon dul timpeall ar Phlútó, an t-achar céanna 's a thógann sé ar Plútó dul timpeall ar a ais féin. Níl baint chomh dlúth idir na plainéid eile agus a gcuid gealach.

Níl cách ar aon intinn faoin scéal, áfach. Deir Pol Mordin ó Ionad Spáis na Breataine gur plainéad é Plútó de bharr gur sféar mór atá ann a théann timpeall ar an ngrian. Rud eile, níl Plútó cóngarach do na réaltóga eile – idir Mars agus Jupiter a bhformhór – agus casann Plútó sa treo céanna leis an gcuid is mó de na plainéid eile.

Is fuar, marfach an áit é Plútó. Idir 189 agus 218 céim faoin reophointe a bhíonn an teocht. Tá Plútó 5.9 billiún ciliméadar ón ngrian, agus tógann sé 248 de bhlianta an domhain seo air dul timpeall uirthi. Tá na réalteilithe ag scrúdú na spéire go mion feiceáil cé na réaltóga eile atá ann. Tá seans go gcuirfidh siad Plútó san áireamh leo. Má tharlaíonn sin, beidh deireadh le tuairim Clyde W. Tombaugh, an té a leag súil ar Phlútó agus a d'fhógair ina phlainéad é i 1930.

Réaltóg - asteroid; **Saol na heolaíochta** - scientific circles; a **chuid ball** - its members; **cúis machnaimh** - a bone to chew on; **cuairt a dhéanamh** - to complete a circle; **uilleann** - angle; **dís** - both; **meachanlár** - centre of gravity; ar a

ais féin; on its own axis; **baint chomh dlúth** - as strong a bond; **cóngarach** - close; **formhór** - most; **marfach** - deathly; **reophointe** - freezing point; **cur san áireamh** - to include; a **d'fhógair** - announced

FAOBHAR

Bíonn faobhar ar scian, ar rásúr, ar chlaíomh (féach pic). Ar an gcuma chéanna, bíonn faobhar ar theanga duine. Seachain an duine sin! "Cé hé sin amuigh a bhlúil faobhar ar a ghuth ag réabadh mo dhorais dúnta?" arsa an t-amhrán 'Éamonn a' Chnoic' 's é ag síorshiúl sléibhte 's gleannta. Tá faobhar ar pheann Louis de Paor, agus an thuaim chéanna leis ó dheas. Cuir faobhar ar do pheann féin, ar do chuid cainte, 's ar do ghlór, má bhíonn tú amuigh san oíche.

Sciorradh Pinn

Na hAnama

Oícheanta báistí tar éis na Féile Bríde
Feicim na froganna ar an mbóthar

Iad á mealladh tar éis suain gheimhridh sa lathach
Ar aistear mire leis an nglothach a chur

Scalann soilse an chairr orthu
Gach sárléim acu 's na tuilte ag sceitheadh.

Tar éis na Féile Bríde
Mealltar an aois ón teallach

Bíogann an préamh leasc
'S spalpann spideog port ar aiteal

Saobhann gealach ciall na sean
Pléascann a gcroíthe le díocas

Agus nuair a nitear bráillíní na marbh
Cromann an lus a cheann buí.

'S oícheanta báistí tar éis na Féile Bríde
Feicimse slua na n-anam ar an mbóthar sleamhain
Iad ag slaparnach 's na tuilte ag sceitheadh

Scalann soilse an chairr orthu:
Súile lán sceoin, aistear gan suan
Gach baorthléim acu isteach sa duibheagán.

The Souls

After Brigit's feast when nights are wettest
I see the frogs on the road

The headlamps catch them in a splash of light
As they leap through the swirling downpour

Bound to their spawning frenzy
After wintering in muddy beds

After Brigit's day
The feeble are lured from the fireside

The delving root stirs
And robin blurts out her sunshower song

The moon robs the aged of reason
Old hearts are overwhelmed by life's surge

And while the funeral shrouds are washed
The daffodil bows its pious head

On rainy nights after Bridget's feast
I see the souls crowding the wet road

The headlamps catch them in a splash of light
Sleepless eyes full of terror
As they lung blindly into the abyss.

Diarmuid Johnson



NÍ BHEATHAÍONN NA BRIATHRA NA BRÁITHRE



Seosamh Mac Muiirí continues his investigation of Irish surnames and tells us about the overlap between placenames and surnames

Mac@nas.SMM

Cé as duit? An Logainm ina Shloinne

Ó Cinnéide > Muimhneach

CUID DE MHUINTEIR Uí Chinnéide a lonnaigh i ndeisceart Thír Chonaill, beirtí *Muimhneach* orthu chomh maith le hÓ Cinnéide. Cloistear an bhabhtáil seo Kennedy/Meenagh/Minnagh sa lá inniu féin. Comhshamhláíodh Meenagh/Minnagh leis an bhfocal *muineach* (*muine* = thicket), rud a tharraing Thornton (= Ó Draighneáin) isteach sa scéal.

Mac Duinn Sléibhe > Mac an Ultaigh

Bhí fearr darb ainm Donn Sléibhe Ó hEochaidh ar an bhfód 924 bliain ó shin. Nach iontach an rud é gur thug a ainm pearsanta sloinne eile dúinn as ar eascair sloinnte eile go leor de réir a chéile? Thárla mar seo:

Mac Donn Sléibhe > Mc Aleavy/Dunleavy

Mac Donn Sléibhe > Mac an Ultaigh i dTír Chonaill agus > Ultach > North san Iar-Mhí

agus > Ó Sléibhín > Slevin i dTír Chonaill - Fear Manach

agus > Mac Duinnshléibhín > Levens/Levinge/Living i gCo. Lú.

Leis an scéal a chasadh tuilleadh, ná rangaimís leosan thuas an sloinne Leavy i gCo. Longfoirt a rianáítear siar ar Chú Sléibhe Ó Fearghail! Is é sin:

Mac Conshléibhe > Mc Conleavy > Leavy

Táid seo a leanas ar aon dul leis na haidiachtaí áite a bhí againn thuas, *Ultach* agus *Muimhneach*:

Albannach > Scott

Breat(h)nach > Brannagh > Walsh/Welsh/Wallace

Caomhánach > Kavanagh

Caomhánach > Meadhránach (?) > Merenagh > Merna(gh)

Cinnsealach > Kinsella

Eolasach > Olasagh/Olice/Olis

Laighneach > Lynagh

Meirgeach > Mergagh

Midheach > Meagh > Meade

Níl aon taobh tíre chomh dílis le Loch Garman don déanamh áirithe sin, múnla na haidiachta. Tá cúig cinn as an liosta deiridh sin le fáil fairsing go leor ann. Ghin Ó Murchadha, .i. Ó Murchú, trí cinn díobh a áiríodh thuas: Caomhánach, Meadhránach agus Cinnsealach. Chomh maith leis na trí cinn sin, is é a ghin Mac Anraic > Handrick/Hendrick, Mac Mhadóc >

Maddock/Maddox, Mac Réamainn > Redmond i dtuaiscirt Loch Garman agus Mac Riocaird > Rickard/Rackard.

NA CHEITHRE hARDA

Ross, Penrose, Hamilton, Barr agus Ó Síocháin

IS FÉIDIR roinnt focal a rianadh siar i bhfad sular tosaíodh ar an tsloinnteoireacht an chéad lá riamh. An dá shloinne, *Ross* as íochtar na hAlban agus *Penrose* Chorcaigh agus dheisceart Laighean cuir i gcás. As Corn na Breataine ó thús iad muintir Penrose, .i. *Pen+ros*. Ainm áite agus sloinne araon is ea *Ros* nó *Rosach*, athshloinne a tháinig anuas ar chuid de Chlann Ghille Andrais, rud a fhágas gaol sanais idir iad agus muintir Penrose Chorn na Breataine.

Ní cosúil ar an gcéad spléachadh aon ghaol sanasaíochta nó eile idir na sloinnte *Hamilton* na hAlban, *Barr* as an taobh céanna domhain, agus *Ó Síocháin* (<Ó Síodhacháin) as Cúige Mumhan. Baineann gach ceann acu le cnoc, áfach. *Síodh+ach+án* is bun le ceann na Mumhan agus macfhocal na Sean-Ghaeilge *síd* chun tosaigh ann. Rianáítear *sídh* na Gaeilge agus *seat* an Bhéarla siar ar aon phréamh amháin. Cá háit eile a mbíodh an 'seat of power' san am i bhfad siar, ar ndóigh, ach sa dún ar bharr cnoic. Is ionann cuid mhaith mar sin, barr cnoic, *síd* agus dún. Ba le fána - nó (*adune*) *down* - a tháinig an té sin a bheadh ag tarraingt ar an mbaile mór as an dún, nó arís b'fhéidir, ag teacht as an mbaile mór, má ba ag an dún féin a bhí an baile mór. Tá na focail Bhéarla (*tun*) *town*, *-ton* (iarmhír *Hamilton*), *dún* na Gaeilge agus an dobhriathar Béarla *down*, nasctha i ngaol sanais mar sin.

Cam a chiallaíodh *ham* na Meán-Ghearmáinise. 'He put his head in his hams' a déarfá faoi dhuine a mbeadh a cheann i mbacán a láimhe agus é ina chodladh b'fhéidir. Cuireadh díspeagadh *el* leis an *ham* san am fadó. *Hamble*, móide-*ton* a thug *hambledone* dúinn, .i. *Hamilton* an lae inniu.

An té a bhfuil cáin an tsí íochta aige, ní dheargfar arm air. Tá sé faoi shíocháin (=síd + cáin). Ach fágfadh amhlaidh go fóill sibh, mar caithfidh mé dul síos amach: 'I hafta go doon th' toon.'

AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin

Eochaill

Bhí mé ag éisteacht le téip de Nioclás Tóibín le deireanas agus thosaigh mé ag smaoineamh ar an amhrán 'Eochaill'. Tá sé ar an téip 'Rinn na nGael' (Cló Iar-Chonnachta, CIC 104). Deir Éamonn Ó Bróithe, an té a scríobh na nótaí don téip seo:

"Sampla den mhúnla amhráin a dtugann lucht léinn an 'Pastourelle' air. Buaileann an file amach maidin bhreá ghréine; casann maighdean fhíor-álainn air agus iarrann sé a grá. San amhrán áirithe seo bionn cúis aiféala ar an gcailín gur cuireadh cluain uirthi."

Ní fhaigheann muid amach áfach go bhfuil cúis aiféala aici go dtí deireadh an amhráin. Fágтар in amhras muid faoi cé chomh macánta is atá an fear. Ba mhaith linn a chreidiúint gur féidir brath air, ach oiread leis an bhean bhocht b'fhéidir.

Tá dhá leagan den amhrán seo ar fáil ins an leabhar 'Binneas thar Meon' (Bailithe ag Liam de Noraidh, in eagar ag Dáithí Ó hÓgáin, Foilsithe ag Comhairle Bhéaloideas Éireann, 1994, ISBN 0 906426 154). Ach thóg mé an leagan seo thíos ó 'Ceól-Sídhe' (Eagarthóir Norma Borthwick, The Irish Book Company, 1913.)

Eochaill

1

Maidin Domhnaigh a's mé ag dul go hEochaill,
Casadh an óig-bhean orm sa tslighe;
A gruadh ar lasadh mar rós i ngairdín,
'S ba bhinne a béilín ná na ceolta sídhe;
Leag mé lámh ar a bráid le mórtas,
Agus d'iarr mé póigín ar stór mo chroidhe;
'Sé dubhairt sí, "Stad, a's ná strac mo chlóca,
'S gan fios an ghnótha so ag bean do thighe."

2

Seo mo lámh dhuit nach bhfuilim pósta,
'S gur buachaill óg mé ' thug gean do mhnaoi,
'S dá dtiallfá liomsa ar ais go hEochaill
Go bhfaighfeá ómóid mar gheobhadh bean tighe.
Chuirfinn culaith síoda i gceart 's i gcóir ort,
Gúna, clóca agus caipisín,
Beidh siopa dram agat den fhíon 's den bheoraigh,
'S do leanbh dóighiúil ag tarraingt dí.

3

Tá mé in amhras go bhfuil tú pósta;
Ná cuir aon stró orm ag siúl na slí,
Ó, fill ar ais chum na tíre is cóir duit.
Is ann, is dóigh liom, atá do mhaoín;
Óir gach a ngeallann tú, ní dhein tú a chomhalladh,
'S ní shiubhalfá an ród liom acht seal den oíche,
Acht do scaoilfeá a bhaile mé gan fiú na bróga,
A's fuair mé comhairle gan a bheith ad' líon.

4

Ar theacht an Earraigh tá mo thriall go Sasana,
A rún 's a annsacht, bí liom sa tslí;
A's ar theacht an tsamhraidh tá mo thriall go Flandras
'S gan agam acht amhras go bhfilllead choíche.
A stór 's a annsacht, do thugas geall duit,
Am' sheasamh i gcampaibh de ló agus d'oíche,
Ar uaislibh Chonacht go mbím am' cheannphort,
Go ndéanfainn cleamhnas leat gan bó gan laogh.

5

Níl sé acht tamall beag ó fhág mé Eochaill,
'S ní leigeann an brón dom fillleadh arís;
Do bheadh mo mhuintir i bhfeirg mhóir liom,
'S ní bhfaighinn-se fóirithin óm' cháirdibh gaoil;
Leath a n-abair siad, ní dhéanaim a gcomhairle,
Acht buailim an bóthar de ló agus d'oíche,
Is cailín scaithte mé 'tá 'siubhal an bóthair,
Ag iarraidh an eolais ar Cheapach Chuinn.

6

Gur lean a máithrín go géar sa ród mé,
A cos gan bróg a's a ciabh le gaoith,
An t-ór 's an t-airgead ar thóin a póca,
'S go tigh an óil gurbh ea chasamar í.
Do rinneamar comhairle ar dhul dár bpósadh
Chum eaglaisigh eolaigh dá raibh sa tír,
Acht leig mé tharam í le baois na hóige,
'S ar ais go hEochaill nach dtéim choíche.

TEORA NÓ RÉIM

Tar éis timireacht Chuisle le breis agus bliain anuas, is léir gur rud í an Ghaeltacht a bhfuil réimse Níl de theora léi ach an teora atá leis an duine, dar le **Diarmuid Johnson**.

'BLIAIN CHINNIÚNACH i gcúrsaí pleanála teanga in Éirinn ab ea 1996. Seachas an cheist ghinearálta a cuirtí sna daonáirimh roimhe sin - rud nár thug le fios ach líon na ndaoine a dúirt go raibh Gaeilge acu - cuireadh ceisteanna pointeáilte don chéad uair maidir le labhairt na teanga. 71,000 duine fásta a dúirt go labhrann siad an teanga gach lá. Tá cónaí ar 20,813 díobh sin sa nGhaeltacht.' Sin mar a chuir *Cuisle* síos ar an daonáireamh (Eanáir 1999).

Baineann an méid sin leis na daoine fásta. Maidir leis na páistí réamhscoile: 'Is ábhar dóchais go bhfuil líon níos airde Gaeilgeoirí laethúla i measc na bpáistí réamhscoile sa stát i gcoitinne ná mar atá i measc na ndaoine fásta (4.6% v 2.9%). Léiríonn sé go bhfuil líon áirithe tuismitheoirí sásta a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge, cuma céard a tharlaíonn sa tsochaí i gcoitinne, agus go bhfuil an líon sin réasúnta seasmhach. A mhalairt atá fíor sa Ghaeltacht, áfach. Labhraíonn 861 páiste réamhscoile sa Ghaeltacht í, sin 34% den aoisghrúpa sa cheantar sin.' Cuir sin i gcomparáid leis an 20,813 cainteoir laethúil fásta sa nGhaeltacht, rud ab ionann agus 36.5% d'iomlán an aoisghrúpa sin.

Tá bealaí éagsúla ann le ciall a bhaint as staitistic. 'Cé nach labhrann ach 51% de phobal fásta Rath Cairn an Ghaeilge go laethúil, mar shampla, is cosúil gurb í atá in uachtar in imeachtaí an phobail - sna scoileanna, san eaglais, san ionad pobail, sa chomarchumann, sa siopa' (*Cuisle* Feabhra).

Tagann sin leis seo: 'Tá dhá oiread Gaeilgeoirí i Mionlach (Gaillimh) 's atá i nDún Chaoin (Ciarraí). 183 *versus* 90. Ach níl sa 183 Gaeilgeoir i Mionlach ach 7.5% de dhaonra an bhaile. Agus



'... seacht, ocht . . . tá an garraí seo rómhór acu.'

an 90 Gaeilgeoir atá i nDún Chaoin, sin 81.8% de dhaonra na háite sin. Tá 188 duine fásta a labhraíonn Gaeilge gach lá i gCoill Sáile/Doire Iorrais (Gaillimh), 81% de dhaonra na háite sin. I mBéal Átha an Ghaorthaigh tá 188 Gaeilgeoir ann, 37.8% den daonra. Céard is tábhachtaí: na figiúirí nó na céadchodáin? An bhfuil an 183 i Mionlach le daoradh, an 188 i mBéal Átha an Ghaorthaigh le slánú, an 188 i gCoill Sáile le moladh as a ndílseacht don dúchas? (*Cuisle* Meitheamh).

Maidir le líon na gcainteoirí *versus* daonra: 'Tá sé níos tábhachtaí meánaicme bheag agus roinnt cumhachta acu a bheith ag labhairt mionteangan, ná slua mór gan treoir' (Nollaig '99). Is léir sin don sochtheangeolaí ach breathnú ar chásanna

eile, cás na Briotáinise, mar shampla: 'I dtús na haoise, bhí líon na gcainteoirí Briotáinise ag tarraingt ar mhilliún. I bhfad faoi bhun a leath sin atá ann anois, agus go leor de chainteoirí na linne seo, cleachtann siad an Fhraincis i saol na hoibre agus ar an teallach. As seo go ceann dhá scór bliain, ní cosúil go saolófar cainteoir Briotáinise ar bith i [bparóiste] Chapel Nevez, [cuir i gcás]' (Deireadh Fómhair '99).

'A hAon, a dó; muc 's bó'

AN TUISCINT atá in Éirinn na linne ar an rud is Gaeltacht ann, tá sé bunaithe ar an ngeo-pholaitíocht náisiúnach-rómánsúil a bhí fós beo nuair a bunaíodh an stát. Ceann de dhá rud a bhí i ndán don Ghaeltacht náis-

SE?

léi chomh maith le teora.

iúnach-rómánsúil sin riamh: fás nó bás. Níor tháinig fás ar chríocha na Gaeltachta tar éis bhunú an stáit. Cúlú agus cungú ba stair di. Is ag cúlú agus ag cungú a bheas críocha na Gaeltachta fad 's a bheas an Ghaeltacht bunaithe ar an ngeo-pholaitíocht. Fad 's atá nach dtuigtear le Gaeltacht ach réimse talúna – críoch(a) – a bhfuil teanga á labhairt ann, is ag crapadh a bheas an réimse talúna sin.

Is gá idirdhealú a dhéanamh idir polaitíocht agus cultúr chomh fada 's a bhaineann leis an nGaeltacht agus le teora na Gaeltachta. An chaint atá á déanamh sa lá atá inniu ann faoi theora na Gaeltachta, is mó baint aici le polaitíocht ná le cultúr. 'Cé na ceantair ba cheart a bheith i dteideal deontaisí an Údaráis?' Agus 'cé na ceantair ar ceart vótaí a bheith iontu i dtoghchán an Údaráis?', sin iad a bhíonn i gceist agus teora pholaitiúil na Gaeltachta á plé.

Teora? Céard faoi réimse na Gaeltachta? Sin í an cheist chultúrtha. Seachas an dá cheist achrannacha thuas faoi theora pholaitiúil na Gaeltachta, is ceist faoi réimse na Gaeltachta is gá a chur chomh fada agus a bhaineann le cultúr. Agus ní réimse talúna an t-aon réimse ná an phríomhréimse atá i gceist.


An ggeo-pholaitíocht agus cúrsaí teorann, ní féidir iad a chaitheamh i dtraipisí ar fad, ach is gá a thuiscint gur nóisin iad a fáisceadh as rudaí a bhí. Céard atá ann anois? Tá seo: daoine, daoine a bhfuil oideachas orthu, daoine a bhfuil fonn siúil orthu, daoine a bhfuil fiontar iontu. Níl de theora le Gaeltacht na linne ach an teora atá le muintir na Gaeltachta. Cuirtear san áireamh ansin gach duine a bhaineann leis an nGaeltacht neamhfhisiciúil, an Ghaeltacht chultúrtha gan chríoch. Níl



Na Déise




Áine Bashford, Ceathrú Thaidhg



Abhainn an tSuláin, Cúil Aodha



Caitlín Bhreathnach, Uíbh Rathach




Pádraig Ó Fathaigh, Mionlach

de theora le Gaeltacht na linne ach an teora a cuirtear léi. Cuir teora le rud agus beidh teora leis,

'A hAon, a dó; muc 's bó': ach oiread le gach beithíoch eile, comhraítear an beithíoch Gaeilgeora.

Tá colas againn cé chomh minic 's a ligeann an beithíoch sin géim. Ceist eile ar fad cén urlabhra is dual don Ghaeilgeoir feasta – géim, gnúsacht nó eile – agus cén teora nó réimse atá lena chuid cainte.



Clíodhna agus Fir na hÉireann

Geantraí

Dé Céadaoin; 8.30in

CUIREADH AN tSRAITH

cheoil thraidisiúnta seo ar bun le scoth na gceoltóirí as ceantar faoi leith a chur os comhair na tíre ar fad.

Díreofar an séasúr seo ar cheantar Bhréifne agus déanfar an taifeadh ar Gheantraí i dtithe ósta an cheantair. Cuirfidh Breandán Ó Beaglaoich cuid de na ceoltóirí is fearr as an gCabhán, Co. an Lú, Co. na Mí, Roscomáin, Uíbh Fháilí agus as Liatroim i láthair. Beidh os cionn 150 ceoltóir ag tógáil páirte sa chlár seo, ina measc Pádraigín Uí hUallachain, Kevin Burke, Alan Kelly, Sean McGuire, John Carthy agus Oisín MacDiarmada.

Fir na hÉireann

Dé Domhnaigh; 7.30in

SRAITH-INA mBÍONN Clíona Ní Bhuachalla ag caint le fírcháiliúla na hÉireann mar gheall ar cheisteanna pearsanta agus téamaí móra an tsaoil. Faighimid léargas freisin ar an oíge a mhúnlaigh agus a chruthaigh na daoine atá i mbéal an phobail inniu. Ar an 13ú Feabhra is é Páraic Breathnach a bheidh



Garda Ce

faoi agallamh ag Clíona. Labhraíonn Páraic go ceanúil ar a mhuintir agus go hairithe ar an saol a chaith sé lena athair. Ar an 20ú Feabhra is é Trevor Sargent T.D. a bheas sa stiúideo le Clíona. Cuireann sí ceist air an gceapann sé go bhfuil athrú suntasach tagtha ar dhearcadh na bhfear le blianta beaga anuas. Labhraíonn sé freisin faoin bpost atá aige i nDáil Éireann agus na dualgaisí atá air.

Bí i gcuideachta Chlíona oíche Dé Domhnaigh ag 7.30in nuair a bheidh súil seabhaic aici ar fhir na hÉireann.

Ard San Aer Beo

Dé Domhnaigh; 2.20in

BEOCHLÚDACH EISIACH ar na comórtaisí éagsúla seo:

Craobh Club AIB, Corn Sigerson agus Fitzgibbon, cluichí ceannais na meánscoileanna agus an tSraith Náisiúnta Iomána agus Peile.

Á chur i lathair ag Micheál Ó Domhnaill agus tráchttaireacht le Brian Tyers.

Dé Domhnaigh 6ú Feabhra Cluiche Ceannais Chorn an Bhóthair Iarainn

Dé Domhnaigh 13ú Feabhra Cluiche Ieathcheannais Iomána na gClub


Bíorra v Baile Átha an Rí

Dé Domhnaigh 20ú Feabhra Cluiche Ieathcheannais Peile na gClub

Crois Mhaoilíona v Na Fianna

Dé Domhnaigh 27ú Feabhra Corn Fitzgibbon – Cluiche Ceannais, Port Láirge

Dé Domhnaigh 5ú Márta Corn Sigerson – Cluiche Ceannais, Gaillimh



ara Gafa



Manchán USA

Manchán USA

Dé Domhnaigh; 9.20in

IS SRAITH FAISNÉISE spleodrach é Manchán U.S.A, cur síos paiseanta ar chósta thiar Mheiriceá, an réigiún is úire agus is bíogúla ar domhan. Le teann díocais agus fiosracha mar is gnách leis, téann Manchán ar thóir na firinne i dtaobh an domhain chróga, nua seo. Tiománann sé trí fhoraoiseacha fairsinge, tríd an ngaineamhlach agus tríd na machairí torthúla féir nach fada ó leag an cine geal súil orthu don chéad uair. Ceiliúránn sé diongbháilteacht agus dóchas na chéad imirceánaigh a chuir fúthu gur chruthaigh siad na cathracha is sofaisticiúla agus is bríomhaire ar domhan bíodh 's nach bhfuil

ina dtimpeall ach folúntas. Téann Manchá ar thóir na geite agus glacann sé páirt i seisiún drumadóireachta lomnacht le New Angers go hard i sleibhte na Rockies i gCeanada. Ina dhiaidh sin tugann sé cuairt ar phóilíní homaighnéasacha San Francisco.

Garda Ceamara Gafa

SA CHLÁR SEO beidh Deirbhile ag déanamh cur síos dúinn ar an drochthiomáint agus ar chuid de na tiománaithe is drochbhéasaí, is óltaí agus is contúirtí. Ó thíortha éagsúla ar fud an domhain atá na míreanna, ó Meiriceá, mór-roinn na hEorpa agus an tSeapáin ach is i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin is mó a rinneadh an scannánú.

IBA Beo

Gach Aoine; 9in

CISPHEIL BHEO gach oíche Dé hAoine ó shraith ESB na bhfear. Is rud nua eile é IBA Beo ar an teilifís in Éirinn, agus bíonn príomhchluiche ón ESB Superleague ó na hionaid mhóra i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Béal Feirste beo gach oíche Aoine. Tá an chispheil ar cheann de na spóirt is mó a bhfuil borradh faoi in Éirinn agus tá Superleagues na bhfear agus na mban ar na comórtais is géire coimhlínt san Eoraip. Beidh amharc ar na himreoirí Éireannacha is fearr agus ar roinnt imreoirí óga cumasacha as Meiriceá. Á chur i láthair ag Cristín Reddín, tráchtair-eacht le Garry Mac Donncha agus anailís le Liam Hartigan. Dé hAoine 11ú Feabhra beidh Neptune in aghaidh Esat Telecom Demons

Spórtiris

Gach Déardaoin; 9in

SPÓRTIRIS, an t-irischlár is nuálaí agus is fairsinge amharc ar an teilifís in Éirinn. Craolfar beagán níos luaithe oíche Déardaoin é agus leanfar ag plé le gach cineál spóirt in Éirinn. Chomh maith leis an tsúil chun cinn ar chluichí móra CLG agus comórtais eile, díríonn an clár ar thuairiscí – úsáid drugaí sa spórt agus íocaíocht imreoirí amaitéaracha – chomh maith le deis a thabhairt do spórt mionlaigh agus spórt neamhghnách. Bíonn comórtais agus cur síos ar an laoch spóirt is rogha le duine cáiliúil ar an gclár freisin. Rannóg na gClár Gaeilge, RTE a léiríonn agus is iad Garry Mac Donncha, Deirdre Ní Fhloinn agus Finín Mac an Bhaird a chuireann an clár i láthair.

Drochlá Ruairí

CD-ROM idirghníomhacha ilmheánacha do
leanaí as Gaeilge



Spraoi
agus Foghlaim
Cluichí

Léite sa na trí
canúintí
Dathú agus
Anamúlacht



Fios Feasa

Baile na Buaile. An Daingean, Co. Chiarraí.
Telephone: +353-660915 2465
FAX: +353-66-915 2492

Website: www.fiosfeasa.com E-MAIL: post@fiosfeasa.com

CUISLE

Stair na hÉireann
na hOglaigh

CUISLE

Stair na hÉireann
na hOglaigh

CUISLE

Stair na hÉireann
na hOglaigh

CUISLE


Stair na hÉireann
na hOglaigh

CUISLE

Stair na hÉireann
na hOglaigh

Glac síntiús le Cuisle

CUISLE



Subscribe to Cuisle • Bí i do Shíntiúsóir

Ainm / name

Sloinne / surname

Seoladh / address

Teil / tel

Ríomhphost / email

Síniú / signature Dáta / date

RÁTAÍ (postas san áireamh): Éire agus an Bhreatain £25
Mór-Roinn na hEorpa 40 euro* An chuid eile den domhan US \$80*

*nó a chomhionann in airgead na tíre

Solachadas le Seachrán Sí

Chuaigh Trevor Ó

Clochtaraigh ag breathnú ar Sholachdas, dráma nua le Darach Mac Con Iomaire á léiriú ag Seachrán Sí, compántas gairmiúil nuabhunaithe, agus is maith a thaitnigh leis. Tá eascairt ar an síol drámaíochta a cuireadh aimsir *Féile 2000*.

TÁ SÉ LE TABHAIRT faoi deara le tamall go bhfuil glúin óg Ghaelach ag teacht chun cinn atá lán de mhisneach. Bhí cuid mhór de na hógánaigh, dáthúla cooláilte seo le feiceáil in Amharclann na Cathrach an mhí seo caite ag an gcéad léiriú den dráma

'Solachadas' le Darach Mac

Con Iomaire. Seo é an fear céanna a chonaic muid i bpáirt Ray Dooley i 'mBanríon Álainn an Líonáin' le linn an *Féile 2000*. Beidh aithne ag lucht féachana *Ros na Rún* ar Dharach: eisean Harry an chef sa gcaifé.

Ní hamháin gurb é a scríobh an dráma cliste samhlaíoch seo, ach is é atá i mbun an léirithe lena chomplacht nua ghairmiúil 'Seachrán Sí'. Is dráma teibí é Solachadas. Cuirtear saol osréalach os ár gcomhair ina bhfuil fear agus bean ag síorchoimhlint faoin dearcadh atá acu ar a chéile. Is samhail iad don dearcadh teoranta atá ag an gcine daonna ar a chéile. Ní léir do cheachtar den beirt aghaidh an duine eile, agus ní heol dóibh cén fáth ar tarraingíodh le chéile iad i liombó idir neamh agus ifreann. Ag cleasaíocht leo chomh maith bíonn dhá charachtar; fochoinsias nó *alter ego* na bpríomhphearsana, iad a ag saighdeadh fúthu agus ag cruthú teannais idir na carachtair sin.

Tá cuid mhaith imeartas focal sa dráma seo. Tugann Darach dúshlán cuid mhór de na *clichés* atá sa saol ina maireann muid, agus cailheann sé solas

Darach Mac Con Iomaire



ar roinnt eile nach bhfuil chomh coitianta sin. Is dráma foclach é ar bheagán gluaiseachta, agus an bhéim ar chleasaíocht teangan agus Gaeilge shaibhir.

Tá an léiriú seo an-ghairmiúil agus an-snasta. Drámaíocht thimpeallach nó 'Theatre in the Round' atá i gceist, rud a chuireann leis an siombalachas; ní ceart agus mícheart atá sa saol ach bealaí éagsúla le breathnú ar rudaí. Ó thaobh na haisteoireachta de, tá smacht iontach ag an bheirt phríomh-aisteoirí, Bairbre de Barra agus Alasdair Mac

Aindreasa ar an taispeántas ó thús deireadh.

Chruthaigh siad teannas iontach agus greann íorónach idir an fear agus an bhean. Tá teacht i láthair meáite, fuinniúil acu, le soiléireacht agus éagsúlacht guth agus urlabhraíocht an-mhaith tríd síos. Tá Kate Nic Chonaonaigh agus Seán Tadhg Ó Gairbhí an-mhaith mar fhochoinsias an dá phríomhcharachtar. Níor deineadh forbairt sách mór ar na páirteanna seo dar liom, agus uaireanta shíl mé go raibh an ghluaiseacht a bhí fúthu ag baint fócas ón bpríomhghníomhaíocht.

Tá soilsiú cruinn, simplíoch, geal a fheileann don dráma deartha ag Mags Mulvey. Ceol nuachumtha le Colm agus Darach Mac Con Iomaire atá ag tionlacan an scéil.

Beidh an dráma seo ag dul ar camchuairt náisiúnta, agus deir Darach gur bhunaigh sé an compántas gairmiúil seo chun nuadhrámaíocht na Gaeilge a chur chun cinn. Más fíor don seanfhocal tá 'leath na hoibre' déanta ag 'Seachrán Sí' cheana féin; tús snasta, dúshlánach. Téigí ag breathnú ar *Sholachadas*.

EFORM LSTER'S ON



Beidh líon na mball san RUC á ghearradh síos go 7500 agus fórsa ionadaíoch á bheartú ar deireadh ar fad a mbeidh 2500 ball ann. Agus beidh polasaithe earcaíochta ag an tseirbhís nua le cinntiú go

bhfásfaidh líon na gCaitliceach san fhórsa go dtí go mbeadh leath na hionadaíochta acu sa Policing Service of Northern Ireland (PSNI). Ach tá díospóireacht fhada romhainn as seo go hachtú an Bhille Phóilíneachta i Westminster sa bhfómhar. Tuairisc le Seán Mag Uidhir ar chnámh spairne.

NUAIR A D'FHÓGAIR Státrúnaí an Tuiscirt Peter Mandelson moltaí rialtas na Breataine ar thodhchaí an RUC le déanaí d'fhág sé míshástacht agus éiginnteacht ar an dá phobal faoina raibh á thairiscint aige. Bhí Mandelson ag nochtadh dhearcadh rialtas na Breataine ar na leasuithe a mhol iarGhobharnóir Hong Kong Chris Patten ina thuairisc ar thodhchaí na póilíneachta. Mhol Patten 175 athrú don RUC agus thosaigh rír láithreach: ar chóir baint den RUC ar chor ar bith, nó an ndeachaigh an tuairisc fada go leor le seirbhís póilíneachta úr a chruthú ó thuaidh?

Bhí colg ar na haontachtóirí gur mhol Patten ainm, éide agus siombail an RUC a athrú agus líon an RUC a laghdú ó 13,500 go dtí 7,500. Ní raibh siad sásta ach oiread go mbeadh an tseirbhís nua freagach do na polaiteoirí tofa áitiúla ná go gcuirfí deireadh leis an Bhrainse Speisialta, fórsa rúnda cumhachtach taobh istigh den RUC. Bhí cuid mhaith de na poblachtánaigh míshásta nár scoir Patten an RUC ar fad. Níor thaitnigh leosan go mbeadh Ronnie Flanagan agus ceannairí eile an fhórsa fós i mbun na heagraíochta. Ach tríd is tríd bhí na náisiúnaithe i bhfad Éireann níba shona ná na haontachtóirí leis na moltaí, agus bhí siad ar aon fhocal gurbh fhéidir le Patten an RUC a athrú ó bhun go barr.

Ón lá ar foilsíodh Patten bhí éiginnteacht ann faoi cé acu moltaí a chuirfeadh rialtas Londain sa Bhille Nua Póilíneachta atá le hachtú acu i mbliana. D'eagraigh aontas na bpéas feachtas ar fud an Tuaiscirt agus i measc lucht tacaíochta an RUC i Londain in aghaidh na n-athruithe. Dhírigh siad isteach ar an athrú ainm agus scaip siad litir ag cáineadh na n-athruithe ar cuireadh 400,000 ainm léi. **Ba léir gurb éard atá san RUC dar leosan a bhfhórsa armtha féin agus ní seirbhís phóilíneachta don phobal uilig.** Ón chéad lá bhí Trimble ag tathaint ar Mandelson gan na hathruithe a chur i bhfeidhm. Nuair a tháinig lá na cinniúna i dTeach na Parlaiminte Londain thug na haontachtóirí uilig léasadh do na moltaí. Cháin Trimble Mandelson agus dúirt sé go



Peter Mandelson

mbeadh na hathruithe ina masla do ghaolta uilig na mball den RUC a maraíodh le linn na dtrioblóidí. Tar éis an chlampaí mar sin, cad é mar a d'éirigh leis na moltaí a bhain Mandelson as tuairisc Phatten?

Ba léir gurb éard atá san RUC dar leosan a bhfhórsa armtha féin agus ní seirbhís phóilíneachta don phobal uilig.

Tá sé de chlú ar Mhandelson gur sionnach gan scrupall é agus thar aon ní eile gurb é an toradh dearfach is suim leis. Léirigh sé féin agus Páirtí an Lucht Oibre le linn dóibh a bheith sa bhfreastúra sa Bhreatain gur cuma faoi phrionsabail nó traidisiún fad is go mbíonn an toradh cuí ann i ndeireadh báire. Mar sin d'ullmhaigh sé an talamh dá ráiteas. Thug sé bonn George Cross don RUC, féirín as ucht a gcuid seirbhísí le linn na corraíle. Ní mó ná sásta a bhí na náisiúnaithe leis an bhronnadh seo, go mórmór na mílte a d'fhulaing láimh láidir an fhórsa 'chróga' seo, agus iad siúd ar cailleadh leanaí nó gaolta leo le hurchair an RUC.

Ach tuigeadh fosta nach raibh Mandelson ach ag ullmhú an RUC fá choinne na n-athruithe a bhí agus atá i ndán. Chomh maith leis sin d'fhógair Mandelson go mbeadh focaíochta os cionn £1b san le fáil do na baill a bheadh ag imeacht nuair a laghdófaí líon na gconstábláí. Nuair a bhí sin uilig déanta aige nocht sé a dhearcadh ar thodhchaí an fhórsa.

STABULARY

Dúirt sé go raibh ainm nua de dhíth má bhí sé le Caitlicigh a mhealladh chuige. I láthair na huaire tá níos lú na 8% den RUC ina gCaitlicigh. *Northern Ireland Policing Service* an t-ainm a mhol Patten, ach bhí Mandelson cliste go leor le sin a athrú mar bhí na NIPS ina ábhar grinn cheana féin. *Policing Service of Northern Ireland* PSNI a mhol Mandelson. D'fhógair sé a rún bunús na 175 moladh a rinne Patten a chur i bhfeidhm. Chuir sé sin na haontachtóirí le mire agus bhí an díospóireacht ar an cheann ba nimhní i Westminster le fada. Nocht Mandelson a dhrad fiacal le linn na díospóireachta sin. Mheabhraigh sé do Ken Maginnis nach hé an rud céanna a dúirt Maginnis leis go príobháideach ar an ábhar agus an méid a bhí le rá go poiblí aige sa Teach.

Ach bhí cealg i moltaí Mhandelson a chuir déistean ar na náisiúntóirí. Dúirt sé nach scorfadh an rialtas an Brainse Speisialta agus nach gcuirfí na Boird Áitiúla ar bun le féitheoireacht a dhéanamh ar na péis. Tá scéal an Bhrainse Speisialta ina ábhar mór inní. Oibríonn an Brainse ar bheagán spleáchais ar an RUC, rud a fuair John Stalker amach agus é ag iarraidh a thuairisc a dhéanamh ar an chonspóid *Shoot to Kill* nuair a lámhaigh an RUC seisear fear in imeacht míosa i gContae Ard Mhacha i 1982. Nuair a bhí leas-Phríomh-Chonstábla Manchúin Stalker ag scrúdú na gcásanna fuair sé amach go raibh sé beagnach dodhéanta fianaise a fháil agus greim an Bhrainse Speisialta chomh daingean sin ar an eolas. Sileann go leor go raibh láimh ag an Bhrainse Speisialta i marú na ndlíodóirí cearta daonna Pat Finucane agus Rosemary Nelson.

In ainneoin sin d'fhógair Seamus Mallon go molfadh an SDLP do Chaitlicigh dul isteach sa tseirbhís nua má chuirtear na hathruithe eile i bhfeidhm. Tá Sinn Féin in amhras. Struchtúr agus fórsa úrnua atá uathusan, agus sa mhéid sin tá buncasnamh ar mholtaí Mhandelson. Tá Sinn Féin buartha nach n-athróidh na moltaí struchtúr ceannasaíochta an RUC.

Tá siad buartha faoin dóigh a n-oibríonn Mandelson. Tá tuairim ann gurbh fhéidir leis uisce a chur tríd an bplean sula gcuireann sé bille os comhair Theach na Parlaiminte sa bhfómhar, agus dúirt David Trimble go soiléir go mbeidh sé ag troid go fómhar.

Chomh maith leis sin tá sé fógraithe ag Ronnie Flanagan nach féidir an gearradh inmholta a dhéanamh: creideann sé go bhfuil bagairt mhór ann ó na mionghrúpaí poblachtacha agus dílseacha atá fós gan scor. Bíodh sin mar atá, níl RUC Bhéal Feirste róbhuartha agus iad ag siúl thart gan arm na Breataine don chéad uair ó bhí 1968 ann.

Pé toradh a bheidh ar an scéal, ní bheidh sodar chun na beairice ar mhórán Caitliceach an fómhar seo chugainn le héide nua a chur á gearradh dóibh féin.

EUROPUS

AN COMHLACHT TEANGA
THE LANGUAGE CONSULTANCY CO.

Comhairleoireacht Teanga
Aistriúchán, Fotheidealú,
Aistriúchán Comhuaineach

1 Sr. na Mumhan, Baile Phib,
Baile Átha Cliath 7
Fón: 01-8304529
Facs: 01-8306611

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-595359
Facs: 091-595351

Ríomhphost: europus@indigo.ie



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN

Cúrsaí i labhairt na Gaeilge 2000
GACH LEIBHÉAL - TOSAITHEOIRÍ, MEÁN, ARD.


Daoine Fásta
Eachtrannaigh
Mic Léinn Tríú Léibhéal,
Cúrsaí Deireadh Seachtaine
Sainchúrsaí do Chomhlachtaí

AN CHÉAD CHÚRSA:
24 - 29 AIBREÁN 2000

Tuilleadh Eolais & Bróisiúr:
Áras Mháirtín Uí Chadhain,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe
Fón: 091-595101
Facs: 091-595041
ríomhphost: arasulchadhain@eircom.net



Údarás na Gaeltachta

Athbhreithniú
Cinnbhliana 1999



Súilfhéachaint ar 1999

- Ceadaíodh 1,117 post nua a bhfuil infheistíocht fhoriomlán de £51m. i gceist iontu (£19.2m. de chúnamh Stáit san áireamh).
- Postanna nua agus caillteanais meá ar mheá (1,042 agus 1,033)
- Suas le 300 folúntas nach raibh líonta ag deireadh na tréimhse
- Barrphointe fostaíochta déantúsaíochta sroichte i gceantair áirithe
- An fócas athraithe ó líon na bpost go caighdeán na bpost
- Béim ar leith le cur ar thograí a aimsiú do Charna, Acaill, Iorras, An Daingean, iardheisceart Thír Chonaill, Na Rosa sa bhliain 2000.
- An bhéim i ngach ceantar eile ar mhiontionscail, acmhainní nádúrtha, an turasóireacht chultúrtha, an geilleagar sóisialta.



Súilfhéachaint ar an tréimhse 1994-99

- Méadú 30% ar an bhfostaíocht lánaimseartha
- Iomlán na fostaíochta lánaimseartha méadaithe ó 6,296 post go 8,183 post
- Gineadh 5,945 post nua sa tréimhse sin



Ag féachaint romhainn

- Béim mhór ar phostanna ardoilte do chéimithe óga
- Infheistíocht sna réimsí ardteicneolaíochta, ríomhaireachta, r-thráchtáil riachtanach
- Gá le forbairt shuntasach a dhéanamh ar an mbonneagar sóisialta agus fisiceach, teileachumarsáid san áireamh
- Cothú na hinniúlachta agus uasghrádú ar scileanna mar thosaíocht
- Lárionaid Ghaeltachta le cothú agus le forbairt.



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh.

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>

 The new primary schools' curriculum gives children great opportunities to expand their skills and experience, but are there enough hours in the day to meet its new demands, and how will teachers manage to make up time spent travelling to the swimming pool?

geist seo, 's é sin ceist airgid. Má shialathraítear ceachtartha snámha le linn an la seile, ní mór íoc astu agus gearrfaí faoi ar na daltaí da bharr, agus beidh deacrachtaí ag fuismitheoirí faoin focalocht bhreise seo. Curadam nua, éilíonn sé breis ama, ach an mbeidh fail air, sin an cheist?



Rua ina Aonar

BHÍ SÉ A SEACHT a' chlog tráthnóna Dé Sathairn agus bhí Rua leis féin sa gClúid. Bhí sé leis féin le seachtain anuas, agus b'fhada leis go mbeadh Máirín agus Nua ar ais. I mBaile Átha Cliath a bhí siad, ar cuairt ar mhamó Mháirín, mar bhí Mamó tinn.

"Níl áit i mBaile Átha Cliath don triúr againn," sin é a bhí ráite ag Máirín.

"Ach nach bhfuil Baile Átha Cliath mór millteach!" arsa Nua.

"Tigh Mhamó atá i gceist ag Máirín," arsa Rua, "níl áit don triúr againn tigh Mhamó."

"Rachaidh mise in éineacht le Máirín mar sin," arsa Nua, "agus, a Rua, fanfaidh tusa anseo sa gClúid."

Lig Rua osna na seanleon mantach arís. B'fhada an píosa seachtain do sheanleon leis féin. Sháigh sé an pócar sa tine. Bhreathnaigh sé amach an fhuinneog. Bhí brat na hoíche ag leathadh ar an mBaile Mór agus na soilse sráide ag lonradh. Rinne Rua a mhachnamh.

"Glaofaidh mé arís orthu," ar sé leis féin.

Drring-drring, drring-drring.

"Hello."

"Hello, a Mhamó, Rua anseo."

"A Rua, cén chaoi a bhfuil tú inniu?"

"Ó, maith go leor, cén chaoi a bhfuil sibhse?"

"Go hana-mhaith ar fad, go hana-mhaith ar fad, a Rúógín," arsa Mamó.

"Nach bhfuil tú tinn?" arsa Rua le Mamó, agus

iontas air.

"Dhera, ní faic é, a Rúóigín, is maith an dochtúir í Máir-ín."

"Máir-ín?" arsa Rua, agus é magadh faoi
Ghaeilge Mhamó, "an bhfuil Máir-ín ansin?"

"Fan nójm-éqd."

Tháinig Máirín. Dúirt sí go raibh gach rud ceart go leor agus go mbeidís sa mbaile Dé Luain ar thraein a dó dhéag.

Leag Rua uaidh an fón. Bhí ciúnas sa gClúid. B'annamh ciúnas ann agus Nua sa mbaile, arsa Rua leis féin. Nua ag caint 's ag ceistniú, Nua ag cur an pháipéir i bhfolach, Nua ina chodladh i gceann dá chuid slipéirí, Nua ag rith agus rása. 'Stop, a Nua! Éist, a Nua! Éirigh as, a Nua!'

Bhreathnaigh Rua os cionn na tine. Bhí pictiúr ar an matal. Rua, Nua agus Máirín. Agus smaoinigh sé ar rud a dúirt Máirín lá.

“A Rua, is gearr a bheas Nua ina chaitín beag óg, agus nuair a bheas sé mór, b’fhéidir go n-imeoidh sé leis amach sa saol mór. Ní bheidh sa gClúid ach an bheirt againn ansin.” Bhreathnaigh Rua go géar ar an bpictiúr. An Nua a bhí sa bpictiúr, is Nua beag óg a bhí ann.

Chuir Rua a chóta air faoi dheifir. Chuir sé a hata breá ar a cheann agus amach leis. Síos leis chuig an siopa. Bhí sé fós ar oscailt.

“Nach deireanach atá tú amuigh, a Rua,” arsa fear an tsiopa agus é ag scuabadh an urláir.

“Is fearr deireanach ná go brách,” arsa Rua.
Chuaigh sé go dtí áit na mbrioscaí. Brioscaí
seacláide a bhí uaidh. An chuid ab fhearr le Nua.
Cheannaigh sé dhá phaiceád.

“Dhá phaicead brioscaí seaclaíde,” arsa fear an tsiopa agus é ag tógáil an airgid, “tá sibh ag súil le cuairteoirí sa gClúid.”

"Tá cara mór liom ag teacht as Baile Átha Cliath," arsa Rua.

Nuair a tháinig Rua abhaile, chuir sé an dá phaicéad brioscaí seacláide sa gcófra. Rinne sé meangadh na seanleon mantach leis féin. Tráthnóna Dé Luain bheadh bainne te agus brioscaí seacláide ag an triúr: Rua, Nua agus Máirín.

© AN GUM

An Foras Teanga



**Graiméar Gaeilge
na mBraithre Críostaí**

Eagrair nua den leabhar fionthoghachach seo a
céadfhóistodh i 1960. Zola breis nua agus soiléiriú nó
ardhearbhu ar bhlianta eile i bhfeinse thás na teanga
agus ghás na n-éad. Eagrair amach agus innéise nua a

t-abhar rios go laimhsíne an léitheoir.

Ais nachtrath don aos scoil, don aoi leinn, do
chialtoirt, scríbhneoir, triseoir agus é aon duine ar mhór
aige gráinneas agus fear na teanga.

• ISBN 1-85791-572-4 • £7.50



Daisy Bites

Elisabeth M. Williams & Margaret Arrington
 1110 W. 12th Avenue, Anchorage, Alaska 99501
 e-mail: elizabethwilliams@alaska.net


[illegible]

ISBN 1-55178-14-9 \$14.95

Balle Attack—An offensive strategy in basketball in which the offense passes the ball around the perimeter of the key until they find an open player to shoot.

1. **Aspekte der Stadtentwicklung** (10. April 2014)





Mórán ádhúil riamh
aon tóra lena manta...
Léach ar béim an tús
a mhláracha den scoth...
Seo chugainn anois
an saol úr digiteach.

Éabhlóid Éabhlóid *Revolution Evolution*



Súil Eile

<http://www.tg4.ie>